Córas Iompair Éireann






# 2004

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN 2004




PRN. No. 0150

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Struchtúr an Ghrúpa | 12 |
| Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta | 13 |
| Ráiteas Rialála Corparáidí | 14 |
| Ráiteas de Fhreagrachtaí an Bhoird | 17 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí chuig an Aire Iompair | 18 |
| Príomh-Bheartais Chuntasaíochta | 19 |
| An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais | 22 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 23 |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 24 |
| Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 26 |
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 49 |


PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Is mian le Córas Iompar Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú do mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Grianghraif:** Gerry Grace, Mark McCall agus Neil Warner

**Dearadh**: First Impression

# Ráiteas an Chathaoirligh

## 25 milliún paisinéir breise de bharr infheistíochta

In 2004 bhí barrachas €20.5 milliún ag Grúpa CIÉ, ardú €24.5 milliún ar an mbliain roimhe sin.

Ainneoin móroibreacha innealtóireachta ar an DART agus traglam tráchta seasta inár gcuid cathracha choinnigh an Grúpa a scair den mhargadh in 2004. Le linn na bliana rinneadh 800,000 turas ráille agus bus ina aghaidh an lae chuig an obair agus mar chaitheamh aimsire agus choinnigh le treocht shoiléir, a léiríonn go bhfuil daoine bliain i ndiaidh bliana ag athrú chuig iompar poiblí.

Tá €1.7 billiún ó 2000 caite ag CIÉ le tacaíocht airgeadais ón AE agus le tacaíocht rialtais i gclár infheistíochta a bhfuil athrú nua-aimseartha ó bhonn curtha aige ar iompar poiblí móide córais sábháilteachta iarnróid a dhéanamh níos fearr. Leagadh níos mó línte iarnróid sa tréimhse sin ná le céad bliain roimhe sin.

As an infheistíocht sin tháinig 25 milliún turas breise paisinéirí ar iompar poiblí.

D'ardaigh an líon turas a rinne ár gcuid custaiméirí ó 250 milliún in 2000 go 275 milliún in 2004. Tá áthas ar an mBord go bhfuil an clár athnuachana le leanúint le ceadú ón Rialtas d'infheistíocht €460 milliún do 223 charráiste nua iarnróid go ceann trí bliana a bheidh in áit na gcarráistí atá 30/40 bliain d'aois atá sa fhlít.

I rith na bliana choinnigh an Grúpa rialú docht agus ag an am céanna rinne cothabháil ar a pholasaí ó thaobh uasmhéid a fháil ar infheistíocht Rialtais chun borradh a chur faoi úsáid iompair phoiblí ar phraghas eacnamaíoch don chustaiméir.

Tharla costais eisceachtúla aon uaine de €19.2 milliún d'athstruchtúrú ag Iarnród Éireann. Chomh maith leis sin chosain tranglam tráchta uirbeach thart ar €69 milliún in 2004 ar chuideachtaí CIÉ.


Bhí fachtóirí eile freisin ann a thug toradh maith do Ghrúpa CIÉ. D'ardaigh ioncam ó €662 milliún (2003) go €683 million in 2004 agus bhí bliain mhaith ag CIÉ freisin ó thaobh bainistíocht maoine le hioncam comhlán cíosa de €14 milliún.

Rinne an chuideachta brabús de €24 milliún breise ó dhíol barrachas talún agus foirgneamh lena n-áirítear an clós lastais a bhí acu ar Bhóthar Charnlaigh i mBaile Átha Cliath. Thug fógraíocht ar thraenacha, ar bhusanna agus ar shuímh stáisiún glanbhrabús de €5 mhilliún agus bhí bliain shásúil freisin ag CIE Tours.

Is mó iontais fós an toradh nuair a ghlactar san áireamh go raibh leath den seirbhís DART dúnta síos ar feadh an chuid is mó de na deiridh seachtaine le linn na bliana mar chuid de thionscadal Uasghrádú DART. Déanfaidh an tionscadal sin dúblú ar chumas DART ó 2000 nuair a bheidh sé críochnaithe amach sa bhliain.

Leanann Grúpa CIE ag tabhairt luach maith ar airgead nuair a chuirtear é i gcomparáid lenár gcomhpháirtithe Eorpacha. Tá Bus Átha Cliath agus Bus Éireann sa cheathrú bairr ó thaobh feidhmíochta agus tá táillí Iarnród Éireann ar na cinn is ísle san Eoraip.

Turais Phaisinéirí




Le freastal a dhéanamh ar an líon paisinéirí atá ag ardú ar sheirbhísí Intercity tugadh chun críche nuachóiriú iomlán ar líonra iarnróid gathach lárnach le linn 2004. Sna sé bliana a thóg sé ar Iarnród Éireann na línte sin a uasghrádú rinne uasghrádú ar níos mó den líonra ná mar a déanadh le céad bliain roimhe sin.

Leanadh ar aghaidh freisin le forbairt ár gcuid seirbhísí busanna. I mBaile Átha Cliath tugadh chun críche an garáiste nua ag Baile Hanraí agus tosaíodh ag oibriú ann le linn na bliana le freastal a dhéanamh ar riachtanais fhlít Bhaile Átha Cliath amach anseo.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Rinneadh na forbairtí sin ar fad in aeráid de rialú costais éifeachtach ó thaobh an Ghrúpa agus gach ceann dár gcuid tionscadal tábhachtach ag teacht isteach in am agus de réir an bhuiséid nó faoi.

## Infheistíocht: Dofheicthe ach riachtanach

Ní léir do chustaiméirí a bhíonn ag iarraidh traenacha nua, nuachóirithe, compordacha a bhíonn in am go leor den infheistíocht €650 milliún do nuachóiriú na 420 míle d'iarnród ar an lárghréasán Intercity agus ar chomharthaíocht ríomhaire-rialaithe agus trasnaithe nua agus droichid.


Anois tá an t-am tagtha go mbainfidh na custaiméirí sásamh as an infheistíocht sin agus muid ag tosú ag seachadadh líon ard de thraenacha nua agus seirbhísí breise chuig an gcustaiméir Intercity agus chuig an gcomaitéar araon.

Tá seachadadh déanta ag an gclár infheistíochta ar:

- 420 míle d'iarnród ardluais le hinfrastruchtúr uasghrádaithe.
- Tá dúblú déanta ó thaobh méide ar an bhflít DART le cúig bliana le 78 carráiste nua ó 2000
- Curtha leis an bhflít comaitéara ó 17 carráiste go 144 ó 1999
- 36 carr-ráille le seachadadh níos déanaí i mbliana.
- Garáiste nua ag Baile Hanraí, Baile Átha Cliath do Bus Átha Cliath
- 36 bus dúbailte ionadaíocha do Bus Átha Cliath
- 68 bus nua agus cóiste nua do Bhus Éireann

Ag cur leis na traenacha agus na busanna nua tá córais nua seirbhísí custaiméirí fearacht taispeántais eolais in-stáisiúin agus ar – bord, meaisíní ceannach ticéad uathoibríocha. Thug BUSTEXT Bhus Átha Claith agus DARTXT isteach córais tráthchlár iompair phoiblí fíor-ama ar theileafóin phóca in Éirinn.

Infheistíocht Grúpa




## Athbhreithniú Sábháilteachta: Timpistí Paisinéirí Tite 22%

Lárluach de chuid Bhord CIÉ is ea oibríochtaí sábháilte bóithre agus iarnróid agus le linn 2004 rinneadh athbhreithniú sábháilteachta ar fud an Ghrúpa chun feabhas a chur ar ár gcuid córais sábháilteachta lena chinntiú go mbeidh freagracht iomlán cuntasach agus leordhóthanach sa chás go dtarlódh timpiste.

Rinneadh an cleachtadh sin tar éis timpiste thubaisteach a tharla i bhFeabhra anuraidh ag Cé Wellington i mBaile Átha Cliath inar maraíodh cúigear agus ar gortaíodh go leor eile. Arís ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo chomhbhrónsa agus comhbhrón an Bhoird, comhbhrón na bainistíochta ar fad agus fhoireann ar fad CIÉ a chur in iúl dóibh sin a ndearnadh difear dá saol nó ar ghoill an timpiste uafásach sin orthu, an ceann is measa riamh ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath.

I ndiaidh an athbhreithnithe sin laghdaigh timpistí ar Bhus Átha Cliath 12% le linn na bliana agus tá an líon níos ísle anois ná mar a bhí le breis is 10 mbliana, ainneoin flít níos mó agus níos mó gníomhaíochta bóithre a bheith i gceist. Baineadh sin amach trí fheidhmiú maith a dhéanamh ar chláir éagsúla oiliúna agus monatóireachta, chomh maith le rannpháirtíocht dhearfach ó thaobh na foirne agus comhoibriú uathu. Tá teastasú ón Institiúid Ard Tiomána (IAM) ag 60% de na tiománaithe ar fad.

# Ráiteas an Chathaoirligh




*Tá an ardtástáil tiomána IAM faighte ag breis is 90% de thiománaithe Bhus Éireann*

Bhí laghdú 22% freisin ag Bus Éireann ó thaobh timpistí le linn 2004. Tharla sin nuair a cuireadh i bhfeidhm Plean Sábháilteachta Bus Éireann agus fuair breis is 90% de thiománaithe Bhus Éireann an tástáil tiomána IAM agus meastar go ndéanfaidh go leor tiománaithe eile an cúrsa le linn 2005.

Is í an phríomhghné sa Phlean Sábháilteachta ná tiomáint chosantach a chur chun cinn go hardleibhéal chomh maith le cúrsaí athnuachana rialta a sholáthar do thiománaithe na cuideachta. Cuirtear oiliúint feabhais ar fáil freisin chun cuidiú le tiománaithe ardleibhéal a bhaint amach.

Bhí súil ag an dá chuideachta bus go dtarlódh laghdú 5% i dtimpistí paisinéirí as an mbéim ar an tiomáint chosantach agus is léir anois go dtagann i bhfad níos mó torthaí sábháilteachta bóithre as an gcur chuige sin.

Bliain thábhachtach a bhí in 2004 freisin ó thaobh sábháilteacht iarnróid agus críochnaíodh i mí na Nollag na píosaí deiridh den ráille ar an lárlíonra gathach a bhí le huasghrádú. Tá ardú mór ó thaobh sábháilteachta le breis is 420 míle ráille nuachóirithe ó iarnróid siúnta ar shlipír adhmaid go ráille táthaithe leanúnach ar shlipír choincréite. Tugann an t-uasghrádú sin cuid mhaith buntáistí ó thaobh na sábháilteachta chomh maith le cuidiú le hamanna turas ar na bealaí a tugadh chun críche le gairid as Baile Átha Cliath.

## Toradh as a Infheistíocht: Traenacha Nua Níos Tapúla, Seirbhísí Breise

Faoi dheireadh 2004 bhí an t-ordú ba mhó fós do 120 carranna ráille do sheirbhisí Intercity ar chostas €262 milliún atá Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a mhaoiniú.

Faoin am a mbeidh an t-ordú is mó fós seo feidhmithe in 2008 beidh ár bhflít iarnróid ar fad nuachóirithe – beidh cinn nua ar fad in áit na gcarráistí atá 30 nó 40 bliain d'aois. Tá 67 carráiste nua Intercity againn ar bhealach Bhaile Átha Cliath-Corcaigh; feidhmíonn carranna ráille nua-aimseartha ar bhealaí Bhaile Átha Cliath – Sligeach agus Bhaile Átha Cliath – Ros Láir chomh maith le ar línte craoibhe; agus déanfaidh na 120 carranna ráille seo freastal ar Mhaigh Eo, ar Ghaillimh, Luimneach, Ciarraí, agus ar Phort Láirge.

Beidh seirbhísí níos minicí ar fáil ar na bealaí sin – in aghaidh na huaire idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath an bhliain seo chugainn agus rogha níos mó seirbhísí ar gach gach bealach de réir mar a bheidh an fhlít nua ag teacht isteach. Le hamchlár cloig agus córais áirithintí suíochán ar líne beidh pleanáil thuras ar traen níos éasca ná riamh.


## Táillí in Éirinn is ísle san Eoraip

Léiríonn figiúirí nua (féach graif ar an leathanach thall) go bhfuil táillí iarnróid Intercity in Éirinn ar na cinn is ísle san AE agus go bhfuil siad suas le 40% níos ísle ná an mheántáille san Eoraip. Léiríonn na comparáidí nach bhfuil ach na comaitéirí sa Spáinn, sa Phortaingéil, san Iodáil agus san Ísiltír ag íoc níos lú go leanúnach agus go bhfuil roinnt cuideachtaí iarnróid ag íoc beagnach dúbailt na dtáillí Éireannacha d'achair den mhéid chéanna. Scéala maith na sonraí táillí sin do chomaitéirí na hÉireann tar éis do shuirbhéanna le gairid in earnálacha tionscail eile a léiriú go bhfuil praghsanna in Éirinn beagnach ag barr thábla na hEorpa.


Léiríonn na torthaí sin go bhfuilimid an-iomaíoch inár bpraghsanna i gcomparáid le hiarnróid eile san Eoraip, agus níos fearr fós nuair a chuimhnítear ar na heacnamaíochtaí scála agus tacaíocht mhór stáit a fhaigheann go leor de na gréasáin sin. Le níos mó agus níos mó de na buntáistí as an

# Ráiteas an Chathaoirligh

Comparáid le Euro Rail: Baile Átha Cliath/Corcaigh (267 kms)




Comparáidí Euro Rail: Baile Átha Cliath/Gaillimh (206 kms)




*Tá na figiúirí ar fad in euro. Seasann na táillí do tháillí iarnróid fillte oscailt deireadh seachtaine siúl isteach caighdeánach. Níl Luxembourg san áireamh – níl na hachair chomhionanna ann; níl aon sonraí reatha ar fáil don Ghréig. Táillí Eorpacha bunaithe ar thurais laistigh de +/- 10km de thuras comhionann in Éirinn. e.g. Baile Átha Cliath-Corcaigh 267km, An Fhrainc: Lyon-Arles 265km. * Meán de tháillí a ndearnadh suirbhé orthu an figiúr AE – rinneadh suirbhé ar na táillí in Iúil 2004.*

infheistíocht ag sroichint ár gcuid custaiméirí i mbliana agus sna blianta amach romhainn beimid ag seachadadh luach níos fearr fós ar an airgead amach anseo.

## Bus Átha Cliath: Ar cheann de shár-chuideachtaí busanna san Eoraip

Anuraidh lean Bus Átha Cliath ag bualadh amach an chuid is mó de na seirbhísí bus ar fud an Aontais Eorpaigh agus bhí barrachas de €2 mhilliún acu do 2004. Bhí líon na gcustaiméirí don bhliain ag 150 milliún, leanann an chuideachta ag coinneáil a scair den mhargadh agus thug ar ais toradh maith ainneoin go mbíonn siad ag feidhmiú sa traglam agus plúchadh tráchta is measa san Eoraip de réir na saineolaithe.

D'ardaigh líon turas paisinéirí ó 134 milliún in 2000 go beagnach 150 milliún in 2004, de bharr fhorbairt leanúnach an líonra agus feabhas a chur ar sheirbhísí custaiméirí. Is é Bus Átha Cliath an soláthróir is mó iompair phoiblí in Éirinn i gcomparáid le soláthróirí eile mar Luas ag réamhthuar 20 milliún paisinéir.


Fearacht gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip fuair Bus Átha Cliath íocaíocht PSO (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) ar a dtugtar fóirdheontas go hiondúil ón Rialtas. Le linn 2004 ba ag 26% dá chostas oibriúcháin (thart ar €62 milliún) a bhí sé sin.

# Ráiteas an Chathaoirligh

## Tá ceann de na leibhéil fóirdheontais is ísle san Eoraip ag Bus Átha Cliath.

Léiríonn taighde Eorpach go bhfuil Bus Átha Cliath ag coinneáil a áite sa cheathrú bairr de na cuideachtaí bus ar fad ar fud na mór – roinne nuair a bhreithnítear air i dtéarmaí sástacht custaiméirí, compord agus sábháilteacht, iontaofacht seirbhíse, cáilíocht flíte agus minícíocht seirbhíse agus iompar foirne. Tá sé freisin ar cheann de na cuideachtaí bus in úinéireacht phoiblí san Eoraip is lú fóirdheontas.

Tá solúbthacht mhór léirithe ag an gcuideachta ó thaobh réitigh a sholáthar chun gluaiseacht a fheabhsú sa phríomhchathair atá plúchta ag trácht. Tá fás ioncaim fanta láidir ainneoin go gcosnaíonn an timpeallacht oibriúcháin plúchta thart ar 49 milliún sa bhliain sa bhreis de bharr plúchadh seasta tráchta na cathrach de réir meastacháin le gairid ó BDO Simpson Xavier Consulting.





Chomh maith leis sin leanann an táirge bus go ceannródaíoch sa mheántéarma ag cur chun cinn tionscadal an Rialtais níos mó daoine a bhaint as carranna agus ag úsáid iompar poiblí.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít 1,065 bus thar 180 bealach ar feadh 20 uair a chloig sa ló ag taisteal 50 milliún ciliméadar sa bhliain. Tá an chuideachta éirithe níos solúbtha fós le blianta beaga agus sa chás gur tharla deiseanna athdháileadh acmhainní thugamar isteach na nuálachtaí seo a leanas:

- Bealach nua, Uimh 92 a cheanglaíonn Stáisiún Heuston le Faiche Stiabhna via Sráid Uí Chonaill
- Seirbhís Ionaid Nua Naisc a tugadh isteach chun nasc a dhéanamh idir Luas Thamhlachta agus línte Áth an Ghainnimh
- Bealaí leathnaithe chun freastal a dhéanamh ar dhaonra atá ag ardú fearacht Pelletstown i nDeisceart Bhaile Átha Cliath
- Inrochtaine – in 2004 shroich an chuideachta leibhéal inrochtaine 45% do chustaiméiri a bhfuil bac gluaiseachta orthu – tá beagnach an tríú cuid den fhlít faoi fhearas cuí
- Bainfidh Bus Átha Cliath lán 100% d'inrochtaine do dhaoine le bac ar ghluaiseacht as seo go ceann cúig bliana

Ainneoin na ndeacrachtaí sin leanaimid ag pleanáil do leathnú amach anseo. Le freastal a dhéanamh ar fhás leanúnach ar ár gcuid seirbhísí tugadh chun críocha garáiste nua Bhus Átha Cliath ag Baile Hanraí agus tháinig i bhfeidhm in 2004. Is é an chéad gharáiste é a thóg CIE le breis is 30 bliain. Tugadh an garáiste atá ar shuíomh 11 acra chun críche laistigh den bhuiséad agus den sceideal ar chostas €42 milliún. Tá fairsinge ann do 240 bus agus tá sé in ann freastal ar suas le 700 duine den fhoireann.



# Ráiteas an Chathaoirligh

## Iarnród Éireann: Tús iarnród de chuid an 21ú aois

Bhí barrachas oibriúcháin de €2.4 milliún ag Iarnród Éireann roimh chostais athstruchtúrtha aon uaire de €19.2 milliún, ardú ó easnamh oibriúcháin €19.4 milliún chomh deireanach le dhá bhliain ó shin. Tháinig an fheidhmíocht sin atá feabhsaithe go mór de bharr rialú costais dian, breis díolacháin ticéid agus éifeachtaí oibriúcháin.

Tá os cionn €1.3 billiún caite ar atógáil ár gcuid iarnród ó 1999, le traenacha nua agus stáisiúin uasghrádaithe chomh maith le ráille ardluais nua-aimseartha. Tháinig sin as tacaíocht Rialtais agus Aontais Eorpaigh don chlár infheistíochta.

As an íobairt a tháinig an fás agus is léir toradh ar an infheistíocht seo ar an bhfás san éileamh ar Intercity, DART agus seirbhís Comaitéara le paisinéirí iarnróid ag déanamh 34.6 milliún turas le linn 2004.

Agus iad ag athnuachan a bpríomhbealaí choinnigh Iarnród Éireann lena dtaithí mhaith ó thaobh mórthionscadail a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad nó níos fearr ná sin.

Le linn 2004 rinneadh seachadadh maith ar na tionscadail seo a leanas:

- Tugadh chun críche athfhorbairt luach €117 milliún ar Stáisiún Heuston in am agus faoin mbuiséad agus cinnteoidh sé go mbeidh Heuston in ann freastal ar mhinicíochtaí níos mó traenacha atá pleanáilte don todhchaí.
- Tugadh chun críche fad a chur leis na hardáin agus athnuachan líne in airde ar an taobh ó dheas mar chuid de thionscadal €176 milliún d'Uasghrádú DART a rinneadh freisin in am agus laistigh den bhuiséad. Cruthóidh a tionscadal an acmhainn don bhorradh mór ó thaobh comaitéirí amach anseo.



*Tá táillí Iarnród Éireann 40% níos ísle  ná an mheántáille iarnróid san Eoraip*

- Chuaigh 80 carranna ráille nua comaitéirí chun seirbhíse in 2003 agus 2004 le hacmhainn bhreise suas le 12,000 níos mó custaiméiri ardbhuaic sa ló feadh sheirbhísí comaitéara Mhaigh Nuat, Dhroichead Átha, agus Chill Dara.
- Rinne seachadadh ar 40 carr nua DART ag costas €80 milliún roimh am sceidealta pleanáilte in 2004. Tá siad á gcur chun seirbhíse de réir a chéile le linn 2005 agus tabharfaidh siad méid an fhlít DART chuig 154 ó uimhir bhunaidh de 80 in 2000.

## Traenacha nua ag tabhairt níos mó luais agus am turas níos giorra

D'ardaigh iompar paisinéirí ar an DART go 90,000 agus tabharfaidh na carráistí nua in éineacht leis an gclár nua Uasghrádú DART deis traenacha DART 8 gcarráiste a oibriú feadh na seirbhíse ó dheireadh 2005. Tabharfaidh sin chun críche ardú 100% i líon traenacha do chustaiméiri ó 2000.

Mar chuidiú mór le sábháilteacht iarnróid in 2004 tugadh chun críche tionscadal d'uasghrádú do bhreis is 420 míle de ráille ó sheanráille ar shlipír adhmaid go ráille táthaithe nua-aimseartha ar shlipír choincréite.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Chomh maith leis an leas ó thaobh sábháilteachta ciallaíonn ráillí nua-aimseartha go mbeidh na traenacha níos tapúla agus na hamanna do thurais níos giorra. Tá na sochair sin ó thaobh athnuachan ráillí leathnaithe go dtí bealaí ráille ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, go Sligeach, go Trá Lí, Port Láirge, Cathair na Mart, Béal an Átha, Inis agus Ros Láir.

In 2005 tosófar ag seachadadh ordú 67 carráiste nua Intercity atá dírithe ar bhealach Chorcaigh/Bhaile Átha Cliath agus atáthar a thógáil faoi láthair i monarchana CAF sa Spáinn agus tosófar á gcur chun seirbhíse.

Beidh traenacha nua freisin go luath ar an gcuid eile den líonra chomh maith le flít nua de 120 carranna ráille a thabhairt isteach a bhfuil conradh tugtha amach orthu do Mitsui na Seapáine lena seachadadh in 2007 agus 2008.

## Europort Ros Láir

Bhí ardú beag ag Europort Ros Láir ó thaobh barrachais in 2004 ag €2.6 milliún ardaithe ó €2.5 milliún an bhliain roimhe sin., bliain trádála a bhí crua do chuideachta loinge. D'ardaigh ioncam 5% ainneoin ceisteanna mar aighneas saothair in Irish Ferries, fadhbanna meicniúla ar sheirbhísí Stena agus tarraingt amach P&O as bealach Ros Láir/ Cherbourg.

## Straitéis radacúil chun Brabús a dhéanamh arís as lastas

Is í straitéis fhoriomlán lastas Iarnród Éireann ná brabús a dhéanamh arís ar an ngnó. Bainfear sin amach trí dhíriú ar an gcostasbhonn, forbairt a dhéanamh ar ghnónna brabúsacha, tarrraing as gnónna neamhbhrabúsacha, na gnónna neamhbhrabúsacha a dhéanamh brabúsach más féidir brabús a dhéanamh orthu agus díriú ar ghnó ualach ar thraen pointe go pointe. Tá na torthaí ag breathnú go maith go dtí seo.

Fuarthas conradh chun os cionn 100,000 tonna líon adhmaid a iompar as Iarthar na hÉireann thar ceann Coillte, an Bord Foraoiseachta Stáit in 2004. Tá súil cur leis an ngnó sin go 250,000 tonna ina aghaidh na bliana. Tá ardú tagtha ar ghnó bearta tapa Fastrack ó thaobh toirte agus ioncaim agus tá an párolla lastais laghdaithe breis is 25% agus tá réasúnú déanta ar chostais oibriúcháin. Laghdaíodh an t-easnamh oibriúcháin Lastais in 2004 ó €14 milliún in 2003 go €9 milliún agus tá barrachas mar sprioc agus nithe ag dul chun cinn.

## Bus Éireann: Brabúis agus tiomantas d'athrú

Bhí bliain an-mhaith ag Bus Éireann in 2004 le barrachas de €5.8 milliun i gcomparáid le barrachas de €1.5 milliún an bhliain roimhe sin. Baineann an feabhas sa bharrachas amach in éadan níos mó iomaíochta agus níos mó plúchadh tráchta agus léiríonn an tiomantas ó thaobh athrú a dhéanamh laistigh den chuideachta.

Rinne an chuideachta infheistíocht de €7.2 milliún chun feabhas a chur ar stáisiún busanna agus seirbhísí eile custaiméirí eile agus ó thaobh uasghrádú a dhéanamh ar a fhlít i rith na bliana. Meastar áfach gur chosain tranglam tráchta breis is €20 milliún ar Bhus Éireann ó thaobh luais oibriúcháin laghdaithe agus amanna turas méadaithe.

Tugadh isteach seirbhísí nua, oibríodh níos mó imeachtaí agus chuathas thar na spriocanna feidhmíochta a bhí comhaontaithe leis an Roinn Iompair.

Léirigh torthaí Bus Éireann feabhas os cionn €15 milliún thar an dá bhliain dheireanacha ó easnamh €9.4 milliún in 2002 go barrachas de €1.5 milliún in 2003 go barrachas ardaithe de €5.8milliún in 2004.

D'iompair Bus Éireann 48 milliún paisinéir (gan Iompar Scoileanna san áireamh) ar a líonra náisiúnta le linn 2004, iompraíodh 21 milliún ar sheirbhísí cathrach cúige agus 27 milliún ar sheirbhísí eile.

Rinneadh uasghrádú mór in 2004 ar fhlít Bhus Éireann:

- Chaith Bus Éireann €14.6 milliún ar uasghrádú a fhlíte
- Cuireadh 39 cóiste ardsonraíochta ar fáil do sheirbhísí achair fhada ar mhórbhealaí idir uirbeacha mar Bhaile Átha Cliath/Gaillimh, Baile Átha Cliath/Luimneach agus Baile Átha Cliath/Port Láirge.

## Ráiteas an Chathaoirligh

- 8 cóiste nua do sheirbhísí Eurolines go dtí an Bhreatain as Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus 18 d'oibríochtaí conartha thar ceann CIE Tours International.
- Tugadh isteach 3 bhus dúbailte nua do Black Ash Park and Ride i gcathair Chorcaí
- Rinneadh uasghrádú ar an bhflít d'Iompar Scoile agus ceannaíodh 68 bus ionadaíocha ó oibríochtaí eile agus d'aistrigh 60 bus ó fhlít seirbhísí sceidealta na cuideachta.

### Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ – feidhmíocht láidir

Chuidigh gníomhaíochtaí tráchtála a rinne cuideachta sealbhaíochta CIÉ lena n-áirítear CIE Tours, An Roinn Maoine agus an Gréasan Fógraíochta Comaitéara le hioncam dearfach an Ghrúpa le linn na bliana atáthar a athbhreithniú.

Rinne **CIE Tours International** 57% níos fearr ná in 2003 agus chuidigh sin go mór leis an obair thurasóireachta náisiúnta trí 400,000 leaba-oíche a cheannach i rith na bliana ar fud oileán iomlán na hÉireann.

Rinne **Group Property** €24 million ó dhíolacháin maoine barrachais lena n-áirítear díol seanáras lastais i gCabrach ar €22.5 milliún glan.

Rinne **Commuter Advertising Network (CAN)** €5.9 milliún as díolacháin fógraíochta lasmuigh le linn na bliana agus táthar ag déanamh ar chur tuilleadh le brabús trí fhorbairt agus cruthú a dhéanamh ar dheiseanna meán nua ar shuímh chuideachtaí agus ar fhógraíochtaí ar thraenacha agus ar bhusanna.

### Leibhéil seirbhísí agus spriocanna

Tá Meamraim Tuisceana ar Leibhéil Seirbhísí agus Spriocanna don bhliain tugtha chun críche idir an Roinn Iompair agus Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann. Rinne na cuideachtaí ar fad go maith agus i gcásanna go leor chuaigh thar na spriocanna feidhmíochta




*Is feithiclí íseal-urláir breis is 45% de fhlít Bhus Átha Cliath, a mbaineann rochtain éasca leo go háirithe do dhaoine le míchumais*

atá leagtha amach sa Mheamram seo. Tá cuid den fhóirdheontas Stáit ag brath ar na leibhéil seirbhísí agus na spriocanna aontaithe bainte amach.

### Aitheantas

Ba mhór an t-údar bróin dom féin agus do mo chomhghleacaithe cloisteáil faoi bhás tobann an Chomhalta Boird Plev Ellis Uasal an 26 Iúil 2004. Bhí an tUasal Ellis ina stiúrthóir reatha freisin ar bhord Iarnród Éireann. Ba mhór againn a chúnamh agus a chomhairle. Aireoimid uainn go mór é.

Athceapadh Paul Kiely Uasal ar an mBord an 2 Márta 2004. Ceapadh Justin Baily Uasal, John Sorohan Uasal agus Norman Wilkinson Uasal freisin ar an mBord an 2 Márta 2004. Chomh maith leis sin ceapadh Kevin Cronin Uasal ar an mBord an 21 Meán Fómhair, 2004.

D'éirigh an tUasal Baily agus an tUasal Wilkinson as an mBord an 1 Márta 2005. Is mian liom buíochas a ghlacadh leo as an gcúnamh mór a thug siad d'obair an Bhoird le linn a mbliana in oifig.

## Ráiteas an Chathaoirligh

Ceapadh Mary Canniffe Uasal, Neil Ormond Uasal agus an tOllamh Yvonne Scannell ar an mBord an 2 Márta 2005. Athcheapadh Paul Kiely Uasal agus John Sorohan Uasal ar an mBord an 2 Márta 2005. Athcheapadh mé féin ar an mBord an 28 Márta 2005.

Thar ceann an Bhoird is mian liom ár mbuíochas a chur in iúl do na hAirí Iompair le linn 2004, Séamas Brennan Uasal TD agus Martin Cullen Uasal TD as a dtacaíocht leanúnach le linn na bliana chomh maith le hoifigigh na Roinn Iompair as a gcúnamh flaithiúil dúinn seasta . Geallaimid ónár dtaobhna tacú chomh mór céanna le polasaí an Rialtais chun seirbhís iompair phoiblí níos fearr a bhaint amach do chách.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do thacaíocht na Comhaireachta agus go háirithe an Taoiseach agus an dá Aire Airgeadais a bhí in oifig le linn na bliana. Bhí tábhacht mhór lena dtacaíocht ó thaobh go n-éireodh leis na mórchláir infheistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus atá chomh tábhachtach sin don tionscadal iompair phoiblí.

Tá an Bord buíoch go háirithe don Choimisiún Eorpach as an gcómhaoiniú mór do chuid mhaith dár gcuid mórthionscadal faoi Chistí Struchtúrtha an AE.

Mar fhocal scoir ba mhaith léiriú a dhéanamh ar mo bhuíochas féin go pearsanta agus ar bhuíochas an Bhoird d'fhoireann ghrúpa cuideachtaí CIÉ as a ról faoi chomh maith agus a d'éirigh lena gcuid cuideachtaí agus aitheantas a thabhairt dá n-obair sheasta ó thaobh an seó a choinneáil ar an mbóthar dár gcuid custaiméirí.

**John J. Lynch**
*Cathaoirleach*

# Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a sholáthraíonn iompar poiblí i bPoblacht na hÉireann. Tá sé faoi lán-úinéireacht Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbhaíochta an Ghrúpa eagraithe i gcúig fhochuideachta oibríochta, dhá aonad gnó agus soláthróirí seirbhíse foghabhálacha. Eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Iompar lastais iarnróid
- Lónadóireacht traenach agus talún
- Taisteal cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Iompar lastais bóthair
- Bainistíocht cuain
- Turais ócáide/saoire
- Seirbhísí teagmhasacha:
  Bainistiú tionscadal; Maoin; Dlí; Bainistiú Árachais/Dliteanais.

Soláthraíonn an chuideachta shealbhaíochta treoir straitéiseach, rialú agus comhordú foriomlán cé go bhfuil féinriail oibríochta fhorleathan ag gach fochomhlacht agus aonad gnó.

Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Fógraíocht Ríomhaire (CAN)
Maoin Ghrúpa CIÉ
Bainistiú Árachais/Dliteanais
Seirbhísí Dlí

Iarnród Éireann

Intercity
Bruachbhailte
Comaitéar Aistear Fada
Lastas Iarnróid
Lastas Bóthair
Cuan Ros Láir
Lónadóireacht an Ghréasáin (Dubel Ltd.)

Bus Éireann

Expressway
Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Cúige
Seirbhísí Bus Scoile
Tástáil Feithiclí Tráchtála
Fruiliú príobháideach

Bus Átha Cliath

City Services
Xpresso
Nitelink
Airlink
City Tours
Fruiliú Príobháideach

# Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta

## Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí den bhord ag aon tráth i rith na bliana dar chríoch an 31ú Nollaig 2003 nó a ceapadh ina dhiaidh sin, leagtha amach anseo. Seachas san áit a léirítear sin d'fhóin siad mar chomhaltaí boird do bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | Cathaoirleach Feidhmeannach (Athcheaptha an 28ú Márta, 2005) |
| **An tUasal J. Baily** | (Ceaptha an 2ú Márta, 2004 d'éirigh as an 1ú Márta 2005)) |
| **An tUasal G. Charles*** | |
| **An tUasal K. Cronin** | (Ceaptha an 21ú Meán Fómhair, 2004) |
| **An tUasal P. Cullen*** | |
| **An tUasal P. Ellis** | (D'éag an 26ú Iúil, 2004)) |
| **An tUasal P. Kiely** | (Athcheaptha an 2ú Márta, 2004 agus an 2ú Márta, 2005) |
| **A. M. Mannix, Uasal*** | |
| **An tUasal B. McCamley*** | |
| **An tUasal J. Sorohan** | (Ceaptha an 2ú Márta, 2004, athcheaptha an 2ú Márta, 2005) |
| **M. Walsh, Uasal** | |
| **An tUasal N. Wilkinson** | (Ceaptha an 2ú Márta, 2004, d'éirigh as an 1ú Márta, 2005) |
| **M. Canniffe Uasal** | (Ceaptha 2ú Márta 2005) |
| **N. Ormond Uasal** | (Ceaptha 2ú Márta 2005) |
| **An tOllamh Y. Scannell** | (Ceaptha 2ú Márta 2005) |

*Comhalta oibrí

## Rúnaí an Bhoird

G. Finucane, Uasal,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Teileafón: + 353 1 703 2008
Faics: + 353 1 703 2276

## Coistí an Bhoird amhail an 6ú Aibreán, 2005

### An Coiste Iniúchta

An tUasal P. Kiely, Cathaoirleach
An tUasal J. Sorohan
2 fholúntas

### An Coiste Airgeadais

An tUasal P. Kiely, Cathaoirleach
An tUas. J. Sorohan
M. Walsh, Uasal
1 fholúntas

### An Coiste Luach Saothair

An tUasal P. Kiely, Cathaoirleach
An Dr. J.J. Lynch
1 fholúntas

### An Coiste Maoine

M. Walsh, Uasal, Cathaoirleach
An tUasal G. Charles
A.M. Mannix, Uasal
1 fholúntas

### Bainistíocht an Ghrúpa

An tUasal J. Cullen, Príomhoifigeach Airgeadais
An tUasal B. Dowling, Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International
An tUasal B. Lilley, Stiúrthóir Bainistíochta, Bus Éireann
An tUasal J. Meagher, Stiúrthóir Bainistíochta, Iarnród Éireann
Dr. A.R. Westwell (UK), Stiúrthóir Bainistíochta, Bus Átha Cliath

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.

## Aturnae

An tUasal M. Carroll,
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

# Ráiteas Rialála Corparáidí

Leagann an Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit amach na prionsabail rialála corparáidí a bhíonn ar chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

## An Bord

Tá an Bord comhdhéanta de dhá chomhalta déag. Tá folúntas amháin ann áfach i láthair na huaire. Ceapann an Rialtas an Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí neamhfheidhmeannacha eile ar an mBord. Ceapann an tAire Iompair freisin ceathrar comhaltaí oibrithe do théarma ceithre bliana tar éis toghcháin ag foireann an Ghrúpa.

Bíonn cruinniú ag an mBord go míosúil agus ar ócáidí eile de réir mar is gá. Bíonn sceideal foirmiúil aige de nithe a bhíonn coinnithe go sainiúil dá athbhreithniú, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, fáil shuntasach agus diúscairt, infheistíochtaí, caiteachas suntasach caipitil, ceapacháin shinsearacha bainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun eolas bainistíochta a thuairisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Bíonn rochtain ag comhaltaí uile an Bhoird ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaíocht an Ghrúpa.

## Coistí an Bhoird

Bunaítear Coistí chun cabhrú leis an mBord in urscaoileadh a fhreagrachtaí. Tá na coistí comhdhéanta de Choiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine agus Coiste Luach Saothair. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe ar leathanach 13.

## An Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí neamhfheidhmeannacha den Bhord. Tá dhá fholúntas ar an gcoiste sin. Bíonn cruinniú aige go tréimhsiúil le bainistíocht shinsearach an ghrúpa, leis na hiniúchóirí seachtracha agus le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, pleananna iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus na torthaí ina dhiaidh sin, roghnú beartas cuntasaíochta, an tuarascáil iniúchta reachtúil, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear na cuntais iniúchta bhliantúla, agus nithe gaolmhara eile.

Tá freagracht ar an gCoiste Iniúchta freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú a dhéanamh ar chineál agus méid na hoibre neamhiniúchta a dhéanann siad lena chinntiú go mbíonn cothromas ceart idir oibiachtúlacht agus costaséifeachtacht. Tá lánrochtain gan srian ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus bíonn cruinniú acu go bliantúil leis an gCoiste gan an bhainistíocht i láthair lena chinntiú nach mbíonn aon ábhar imní fós ann.

## An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige. Tá folúntas amháin ar an gcoiste seo. Bíonn cruinniú aige leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an mbainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tosaíocht a thugtar do thograí caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid oibríochta agus caipitil bhliantúla agus ciste an Ghrúpa, fáil agus beartais diúscartha. Déanann an coiste athbhreithniú freisin ar árachas agus straitéis airgeadais an Ghrúpa. Tá de dhualgas air freisin a chinntiú go gcumasaíonn córais eolais bhainistíochta an Ghrúpa feidhmiú éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

# Ráiteas Rialála Corparáidí

## Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as córais rialaithe airgeadais inmheánaigh an Ghrúpa. Ní féidir leis na córais sin ach dearbhú réasúnach agus nach bhfuil absalóideach a thabhairt in aghaidh aon mhíráitis ábhartha nó caillteanais.

Áirítear ar chórais rialaithe fhoriomlána an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údaráis i scríbhinn, deighilt chuí ar dhualgais agus sásraí tuairiscithe chuig leibhéil arda bainistíochta, boird na bhfochuideachtaí, Coistí an Bhoird agus chuig an mBord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar réimsí lárnacha riosca airgeadais lena n-áirítear riosca ciste.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála lena gcuirtear feidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséad réamhcheadaithe ag deireadh na tréimhse airgeadais agus déantar aon treochtaí nó athruithe suntasacha a imscrúdú. Scaiptear na tuarascálacha sin chuig an mBord ar bhonn míosúil i gcomhair athbhreithnithe.
- Bunú treoirlínte soiléire do cheadú agus rialú chaiteachas caipitil. Áirítear orthu sin buiséid chaipitil bhliantúla a ullmhú a bhíonn ceadaithe ag an mBord i gcomhchomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir féidearthachta mionsonraithe roimh cheadú ag an leibhéal cuí údaráis (lena n-áirítear an Roinn Iompair do thionscadail mhóra). Do thionscadail mhóra, ullmhaítear tuairiscí rialta dul chun cinn chuig an mbainistíocht agus chuig bord na fochuideachta cuí agus ní mór páipéar dúnta amach foirmiúil a chomhlánú do gach tionscadal suntasach caipitil.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa New Works atá comhdhéanta de stiúrthóir agus bainistíocht shinsearach Iarnród Éireann, athbhreithniú ar bhonn míosúil ar thograí tionscadail, na próisis tairisceana agus measúnachta a ghlactar agus an dul chun cinn ar mhórthionscadail chaipitil in aghaidh amchlár agus buiséid tionscadail.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról ar fud an Ghrúpa aige, athbhreithniú go córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, cuireann iniúchadh inmheánach béim ar réimsí riosca mór mar a shainaithnítear iad ag an gcreat anailíse riosca. Tá ról agus freagrachtaí an Iniúchta Inmheánaigh sainmhínithe ag cairt atá ceadaithe ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann an Iniúchta Inmheánaigh go foirmiúil chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Athbhreithniú déanta ag an mBord tríd an gCoiste Iniúchta ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh trí:

- Athbhreithniú ar an gclár iniúchta inmheánaigh (ullmhaithe tar éis an phróisis mheasúnaithe riosca iniúchta) agus breithniú ar na mórchinntí.
- Breithniú ar mhórchinntí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina bhfuil mionsonraí aon shaincheisteanna ábhartha rialaithe arna sainaithint mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Is ann do phróiseas Bainistíochta Riosca ar fud an Fhiontair (EWRM) chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí mhór-rioscaí gnó lena n-airítear rioscaí airgeadais, straitéiseacha, contúirte agus comhlíonta. Ba chóir go soláthródh an próiseas seo an dearbhú go sainaithneofar saincheisteanna riosca ábhartha agus go ndéanfaí gníomhartha cuí. Is ann do Chláir Rioscaí Doiciméadaithe.

# Ráiteas Rialála Corparáidí

## Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin

Tá beartais Chóras Iompair Éireann i ndáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird feidhmiúcháin de réir "Arrangements for determining the remuneration of Commercial State Bodies under the aegis of the Department of Public Enterprise", a eisíodh i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin. Tá a luach saothair sin socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag na hAirí Airgeadais agus Iompair.

## Luach Saothair na gComhaltaí Eile

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair gach comhalta eile den Bhord i ndáil lena ndualgais mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Faigheann comhaltaí boird arna gceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 luach saothair freisin de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Gnóthas Reatha

Tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa le leanúint i mbun gnó don todhchaí intuartha. Ar an gcúis sin, leanann siad de bheith ag glacadh bonn 'gnóthais reatha' d'ullmhú na gcuntas.

# Ráiteas de Fhreagrachtaí an Bhoird

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin freagrachtaí chomhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann. Ceanglaíonn an reachtaíocht sin ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíocht na hÉireann lena mbaineann, léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú:

- go bhfuil beartais chuntasaíochta oiriúnacha roghnaithe agus curtha i bhfeidhm go seasta;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastachán a bhíonn déanta réasúnach agus stuama; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go bhfuil taifid chuí cuntasaíochta coinnithe a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achta Iompair, 1950, agus gach Rialachán atá le forléiriú i dteannta leis an Acht mar aon ní amháin.

Tá siad freagrach freisin as céimeanna a ghlacadh atá réasúnta oscailte dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord lena chinntiú go gcomhlíontar a oibleagáid leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinntear freagrachtaí stiúrthóirí fhochuideachtaí an Bhoird leis an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí na gcuideachtaí is infheidhme.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Chuig an Aire Iompair

Mar iniúchóirí ceaptha ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 le do thoiliú, tá iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 19 go dtí 48 againn, atá ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanaigh 19 go dtí 21.

## Freagrachtaí faoi seach Chomhaltaí an Bhoird agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí an Bhoird chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 17 i ráiteas de fhreagrachtaí an Bhoird.

Is í ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe don Aire Iompair, agus dósan amháin, de réir Alt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí, thorthaí agus sreabhadh airgid an Ghrúpa. Luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le cibé ar choinnigh Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chuí.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár dtuairim, nach nochtaítear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

Tá an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil léite againn agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach go bhfuil aon mhíráiteas dóchúil nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca an Ghrúpa, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus ar bharrachas agus sreabhadh airgid an Ghrúpa don bhliain dar chríoch amhlaidh.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,

6ú Aibreán, 2005.

# Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireqann agus a fhochuideachtaí:

Iarnród Éireann - Irish Rail agus a fhochuideachta Dubel Limited

Bus Éireann - Irish Bus

Bus Átha Cliath - Dublin Bus

Déileáiltear le CIE Tours International Incorporated mar chraobh de Chóras Iompair Éireann chun críche cuntasaíochta.

Déileáiltear le Dubel Limited mar chraobh de Iarnród Éireann-Irish Rail chun críche cuntasaíochta.

## (C) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta de luach comhlán na seirbhísí a sholáthraítear.

## (D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímheasa do na línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní Iarnród Éireann – Irish Rail.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

### (ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lándhímheas orthu nó a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil usáidigh ionchasaigh.

## Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

**(iii) Feithiclí Paisinéirí Bóthair**

Déantar costais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, a dhímheas thar a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú ach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí trína fad saoil. Déantar costais stairiúla na mbusanna scoile a dhímheas i dtráthchodanna comhionanna bliantúla i rith a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

**(iv) Feithiclí lastais bóthair**

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil usáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

**(v) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta**

Déantar na haicmí thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

**(vi) Talamh agus foirgnimh**

Déantar foirgnimh a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar fhad saoil caoga bliain. Cuirtear luach de réir na leabhar ar thalamh agus ar fhoirgnimh atá ar fáil le díol agus ar dócha go ndéanfar iad a dhiúscairt sna chéad dhá mhí dhéag eile san áireamh i sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

### (E) Sócmhainní Léasaithe

**(i) Léasanna airgeadais**

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costais chaipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne.

Tá míreanna caipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh i gcreidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais i rith thréimhse príomha an léasa.

**(ii) Léasanna oibríochta**

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

### (F) Stoic

Déantar stoic ábhair agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus foráltar do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

### (G) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Stáit

**(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann**

Tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranníocaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, i dtuairim an Bhoird, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranníocaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

# Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

### (ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais Ioncaim

Glactar deontais ioncaim chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

### (iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (H) Airgeadra Coigriche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

Déantar iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarma, lena n-áirítear an chion sin is iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhardaithe, a aistriú ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe (rátaí dúnta) agus cuirtear na gnóthachain nó caillteanais mar thoradh air san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais.

## (I) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta chomhaltaí na scéime

Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh i gcostas an scaoilte é.

## (J) Costais An Bhonneagair Iarnroid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoinnítear cuntais ghnó na seirbhísí iompair deighilte ó na cuntais do ghnó bhainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán Uimh. 2598/70 an AE.

# An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais

| **Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig** | **Nótaí** | **2004** | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | 1 | **683,547** | 661,936 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 3 | **(517,404)** | (492,957) |
| Ábhair agus seirbhísí | 4 | **(359,162)** | (349,347) |
| Dímheas | 5 | **(56,375)** | (60,753) |
| Costais oibríochta eisceachtúla | 6 | **(19,174)** | (20,099) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(952,115)** | (923,156) |
| | | | |
| **Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus deontais Stáit** | | **(268,568)** | (261,220) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | 7 | **25,265** | 784 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais Stáit** | | **(243,303)** | (260,436) |
| Ús infhaighte | | **119** | 120 |
| Ús iníoctha - Oibríocht | 8 | **(1,939)** | (3,363) |
| – Bonneagar Iarnróid | 8 | **(2,212)** | (3,016) |
| Gnóthachain ar iasachtaí airgeadra coigríche | | **-** | 207 |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit** | | **(247,335)** | (266,488) |
| Deontais Stáit | 9 | **267,786** | 262,476 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **20,451** | (4,012) |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | **(90,219)** | (86,207) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(69,768)** | (90,219) |

Tá gluaiseachtaí i gcúlchistí taispeánta i nótaí 20 agus 21 do na ráitis airgeadais.

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais.

Thar cheann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal P. Kiely,** Comhalta Boird

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

| **Amhail an 31ú Nollaig** | **Nótaí** | **2004** | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 11 | **1,459,124** | 1,264,533 |
| Sócmhainní Airgeadais | 12 | **20** | 20 |
| | | **1,459,144** | 1,264,553 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 13 | **39,678** | 44,758 |
| Féichiúnaithe | 14 | **93,669** | 92,172 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | **2,535** | 58,191 |
| | | **135,882** | 195,121 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | **(378,703)** | (336,016) |
| **Glan-dliteanais reatha** | | **(242,821)** | (140,895) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,216,323** | 1,123,658 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | 16 | **(45,495)** | (56,933) |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear** | 18 | **(176,320)** | (158,719) |
| **Ioncam iarchurtha** | 19 | **(785,899)** | (719,848) |
| | | **208,609** | 188,158 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | 21 | **237,310** | 237,310 |
| Cúlchiste Caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Easnamh an Chuntais Brabúis agus Caillteanais | | **(69,768)** | (90,219) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | 20 | **208,609** | 188,158 |

Thar cheann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal P. Kiely,** Comhalta Boird

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

| Amhail an 31ú Nollaig | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 11 | 341,160 | 281,280 |
| Sócmhainní Airgeadais | 12 | 306,074 | 311,476 |
| | | 647,234 | 592,756 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 14 | 99,736 | 7,460 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | 2,225 | 53,161 |
| | | 101,961 | 60,621 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (340,625) | (297,136) |
| **Glan-dliteanais reatha** | | (238,664) | (236,515) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 408,570 | 356,241 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | 16 | (45,495) | (56,933) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (163,337) | (128,951) |
| | | 199,738 | 170,357 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | | 108,643 | 108,643 |
| Cúlchiste Caipitil | | 28,556 | 28,556 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 50,028 | 20,647 |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | 12,511 | 12,511 |
| | 20 | 199,738 | 170,357 |

Thar cheann an Bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal P. Kiely,** Comhalta Boird

# Ráiteas Comhdhlúite Faoi Shreabhadh Airgid

| **Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig** | **Nótaí** | **2004** | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 22(A) | **102,723** | 118,738 |
| **Aischur ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | 22(B) | **(3,953)** | (5,776) |
| **Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | 22(B) | **(160,365)** | 20,490 |
| **Glan-insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadais** | | **(61,595)** | 133,452 |
| **Airgeadú – laghdú i bhfiachas** | 22(B) | **(6,401)** | (67,574) |
| **(Laghdú)/méadú in airgead sa bhliain** | | **(67,996)** | 65,878 |
| | | | |
| **Réiteach an ghlan-insreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach** *(nóta 22(C))* | | | |
| **(Laghdú)/méadú in airgead sa bhliain** | | **(67,996)** | 65,878 |
| Gluaiseacht airgid ó laghdú i bhfiacha agus airgeadú léasa | | **6,401** | 67,574 |
| Athrú i nglanfhiach mar thoradh ar insreabhaidh airgead | | **(61,595)** | 133,452 |
| Difríocht Aistrithe | | **-** | 373 |
| **Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain** | | **(61,595)** | 133,825 |
| Glanfhiach amhail an 1ú Eanáir | | **(88,333)** | (222,158) |
| **Glanfhiach amhail an 31ú Nollaig** | | **(149,928)** | (88,333) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 1 BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31Ú NOLLAIG

| | CIÉ €000 | Iarnród Éireann - Irish Rail €000 | Bus Éireann - Irish Bus €000 | Bus Átha Cliath - Dublin Bus €000 | Iomlán 2004 €000 | Iomlán 2003 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | |
| - An rannán ráille bruachbhailte | | 37,554 | | | 37,554 | 37,294 |
| - An rannán ráille príomhlíne | | 126,119 | | | 126,119 | 121,437 |
| | | 163,673 | | | 163,673 | 158,731 |
| **Lastas bóthair** | | 31,896 | | | 31,896 | 32,371 |
| **Cuan Ros Láir** | | 10,270 | | | 10,270 | 10,080 |
| **Seirbhísí Lónadóireachta** | | 9,642 | | | 9,642 | 12,045 |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | 177,553 | 177,553 | 172,937 |
| - Cathracha cúige | | | 22,709 | | 22,709 | 20,694 |
| - Seirbhísí eile | | | 203,828 | | 203,828 | 197,991 |
| **Turais** | 50,830 | | | | 50,830 | 44,749 |
| **Gníomhaíochtaí gnó lárnacha** | 13,146 | | | | 13,146 | 12,338 |
| **Ioncam Iomlán** | 63,976 | 215,481 | 226,537 | 177,553 | 683,547 | 661,936 |
| | | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | |
| - An rannán ráille bruachbhailte | | | | | | |
| Costais oibríochta | | 61,894 | | | 61,894 | 62,637 |
| Costais bhonneagair | | 17,787 | | | 17,787 | 29,170 |
| - An rannán ráille príomhlíne | | | | | | |
| Costais oibríochta | | 183,222 | | | 183,222 | 180,273 |
| Costais bhonneagair | | 139,621 | | | 139,621 | 188,515 |
| | | 402,524 | | | 402,524 | 460,595 |
| **Lastas Bóthair** | | 30,701 | | | 30,701 | 31,241 |
| **Cuan Ros Láir** | | 7,693 | | | 7,693 | 7,579 |
| **Seirbhísí Lónadóireachta** | | 9,939 | | | 9,939 | 12,722 |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | 238,515 | 238,515 | 219,765 |
| - Cathracha Cúige | | | 33,189 | | 33,189 | 30,318 |
| - Seirbhísí eile | | | 211,359 | | 211,359 | 209,429 |
| **Turais** | 49,826 | | | | 49,826 | 44,032 |
| **Gníomhaíochtaí gnó lárnacha** | 8,923 | | | | 8,923 | 7,257 |
| **Caiteachas Iomlán** | 58,749 | 450,857 | 244,548 | 238,515 | 992,669 | 1,022,938 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1 BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31Ú NOLLAIG (ar leanúint)

| | CIÉ | Iarnród Éireann - Irish Rail | Bus Éireann - Irish Bus | Bus Átha Cliath - Dublin Bus | Iomlán 2004 | Iomlán 2003 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **(Easnamh)/Barrachas** | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | |
| - An rannán ráille bruachbhailte | | (45,433) | | | (45,433) | (54,513) |
| - An rannán ráille príomhlíne | | (193,418) | | | (193,418) | (247,351) |
| | | (238,851) | | | (238,851) | (301,864) |
| **Lastas Bóthair** | | 1,195 | | | 1,195 | 1,130 |
| **Cuan Ros Láir** | | 2,577 | | | 2,577 | 2,501 |
| **Seirbhísí Lónadóireachta** | | (297) | | | (297) | (677) |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | (60,962) | (60,962) | (46,828) |
| - Cathracha Cúige | | | (10,480) | | (10,480) | (9,624) |
| - Seirbhísí eile | | | (7,531) | | (7,531) | (11,438) |
| **Turais** | 1,004 | | | | 1,004 | 717 |
| **Gníomhaíochtaí gnó lárnacha** | 4,223 | | | | 4,223 | 5,081 |
| **Barrachas/(easnamh) oibríochta** | 5,227 | (235,376) | (18,011) | (60,962) | (309,122) | (361,002) |
| Gnóthachain ar iasachtaí airgeadra coigríche | | - | - | - | - | 207 |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe *(nóta 7)* | 24,154 | 132 | (212) | 1,191 | 25,265 | 784 |
| **Barrachas (easnamh) roimh dheontais Stáit** | 29,381 | (235,244) | (18,223) | (59,771) | (283,857) | (360,011) |
| **Deontais Stáit** | | | | | | |
| - oibríocht *(nóta 9)* | - | 79,176 | 23,999 | 61,810 | 164,985 | 156,593 |
| - bonneagar *(nótaí 2 agus 9)* | - | 150,092 | - | - | 150,092 | 197,756 |
| **Deontas AE** – bonneagar *(nóta 2)* | - | 8,405 | - | - | 8,405 | 21,749 |
| **Barrachas don bhliain tar éis deontas Stait** | 29,381 | 2,429 | 5,776 | 2,039 | 39,625 | 16,087 |
| Costas oibríochta eisceachtúil *(nóta 6)* | - | (19,174) | - | - | (19,174) | (20,099) |
| **Glan-bharrachas/(easnamh) don bhliain** | 29,381 | (16,745) | 5,776 | 2,039 | 20,451 | (4,012) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **2 COSTAIS BHONNEAGAIR IARNRÓID** | | |
| I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE tá na costais seo ríofa mar a leanas: | | |
| Cothabháil línte agus oibreacha iarnróid | **62,980** | 69,119 |
| Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid | **55,696** | 113,622 |
| Oibríocht (comharthaí) agus speansais eile | **27,125** | 25,008 |
| Dímheas *(nóta 11 [f])* | **17,745** | 12,902 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(8,350)** | (5,982) |
| **Iomlán chostais an bhonneagair iarnróid roimh ús** | **155,196** | 214,669 |
| Ús iníoctha *(nóta 8)* | **2,212** | 3,016 |
| **Iomlán chostais an bhonneagair iarnróid roimh dheontais** | **157,408** | 217,685 |
| **Deontais Stáit, Maoiniú AE agus Maoiniú Státchiste** | **(158,497)** | (219,505) |
| **Barrachas don Bhliain** | **(1,089)** | (1,820) |
| Cionroinnt na gCostas (roimh chostais eisceachtúla): | | |
| **An rannán ráille príomhlíne** | **139,621** | 188,515 |
| **An rannán ráille bruachbhailte** | **17,787** | 29,170 |
| | **157,408** | 217,685 |

## 3 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **481,274** | 467,576 |
| Costais leasa shóisialaigh | **40,874** | 39,263 |
| Costais phinsin eile | **30,484** | 24,411 |
| | **552,632** | 531,250 |
| Obair féin caipitlithe | **(35,782)** | (38,797) |
| **Glanchostais foirne** | **516,850** | 492,453 |
| **Luach saothair Chomhaltaí Boird** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar chomhaltaí Boird | **135** | 146 |
| - do sheirbhísí eile | **419** | 358 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird** | **554** | 504 |
| **Iomlán párolla agus costais ghaolmhara** | **517,404** | 492,957 |

Tá €224,234 (2003 - €165,627) a íocadh leis an Dr. John J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmeannach, san áireamh i luach saothair chomhaltaí Boird, ar ionann sin agus €205,188 (2003 - €146,581) do sheirbhísí eile móide €19,046 (2003 - €19,046) do tháillí chomhaltaí Boird.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 3 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA (ar leanúint)

| | Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2004** | 2003 |
| Is é seo a leanas an meánlíon fostaithe de réir cuideachta: | | |
| CIÉ | **303** | 302 |
| Iarnród Éireann - Irish Rail | **5,590** | 5,833 |
| Bus Éireann – Irish Bus | **2,736** | 2,721 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | **3,408** | 3,367 |
| | **12,037** | 12,223 |

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |

## 4 ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | | |
|---|---|---|
| Áirítear in ábhair agus i seirbhísí: | | |
| Luach saothair iniúchóirí | **199** | 191 |
| Cíosanna léasa oibríochta | **7,573** | 8,186 |
| Deontais Ioncaim *(nóta 19)* | **(2,756)** | (1,360) |

## 5 DÍMHEAS

| | | |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 11)* | **110,652** | 103,317 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(52,550)** | (41,723) |
| Costas oibríochta eisceachtúil *(nóta 6)* | **(1,727)** | (841) |
| | **56,375** | 60,753 |

Áirítear ar na figiúirí thuas €2.478 milliún de dhímheas agus €0.751 milliún d'amúchadh ar dheontais chaipitil arna dhéileáil mar chostas oibríochta eisceachtúil.

## 6 COSTAIS OIBRÍOCHTA EISCEACHTÚLA

| | | |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **(17,447)** | (19,258) |
| Muirear Dímheasa | **(1,727)** | (841) |
| | **(19,174)** | (20,099) |

Mar chuid dá Phlean Airgeadais 2004 thug Iarnród Éireann clár scaoilte deonaigh agus luathscoir isteach. Is €19.2 milliún an costas measta i 2004, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile a bhain leis an gclár.

## 7 BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | | |
|---|---|---|
| Glan-fháltais ó dhíolachán barrachais talún agus foirgnimh | **24,154** | 469 |
| Brabús ar dhiúscairt stoic rollta, feithiclí, gléasra agus innealra | **1,111** | 315 |
| | **25,265** | 784 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 8 ÚS INÍOCTHA

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Ar iasachtaí agus léasanna inaisíoctha go hiomlán laistigh de chúig bliana: | | |
| Iasachtaí | **1,030** | 2,997 |
| Léasanna | **-** | 62 |
| Ar iasachtaí agus léasanna nach bhfuil inaisíoctha go hiomlán laistigh de chúig bliana: | | |
| Iasachtaí | **-** | - |
| Léasanna | **3,121** | 3,320 |
| | **4,151** | 6,379 |
| Ús Cionroinnte: | | |
| **Costais oibríochta an ghrúpa** | **1,939** | 3,363 |
| **Costais Bhonneagair Iarnróid** *(nóta 2)* | **2,212** | 3,016 |
| | **4,151** | 6,379 |

## 9 DEONTAIS STÁIT

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann de réir rialacháin iomchuí an AE a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.
Tugtar mionsonraí na ndeontas Stáit de €267.786 milliún a fuarthas in 2004 - €257.229 milliún faoi Fho-mírcheann C1 de Vóta 32 Dháil Éireann agus €10.557 milliún faoin gClár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid sa tábla seo a leanas.

| **Deontais Stáit a bhaineann le gníomhaíochtaí 2004** | **€000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|
| **Iarnród Eireann - Irish Rail** | | |
| - Fóirdheontas | | **171,420** |
| - An Clár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid | | **10,557** |
| **Iomlán Iarnróid** | | **181,977** |
| **Bus Átha Cliath – Dublin Bus** | | **61,810** |
| **Bus Éireann – Irish Bus** | | **23,999** |
| | | **267,786** |
| **Móide deontas Stáit don Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP)** | | **146,441** |
| **Deontais Státchiste eile** | | **2,496** |
| **Maoiniú Iomlán Stáit** | | **416,723** |
| | | |
| **Cuireadh an maoiniú iomlán Stáit a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas:** | | |
| **Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais** | | **267,786** |
| **Lúide: bonneagar** | | **(102,801)** |
| **Fóirdheontais agus deontais sábháilteachta iarnróid –oibríocht** *(nóta 1)* | | **164,985** |
| **Bonneagar i bhfóirdheontas agus deontais sábháilteachta iarnróid** | **102,801** | |
| **NDP - Creidmheas in aghaidh athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid** | **47,291** | |
| **Fóirdheontas bonneagair** *(nóta 1)* | | **150,092** |
| **Ioncam Iarchurtha – deontais chaipitil** | | **98,890** |
| **Deontais Státchiste eile** | | **2,756** |
| **Iomlán** | | **416,723** |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 10 GLANBHARRACHAS NA CUIDEACHTA SEALBHAÍOCHTA DON BHLIAIN

Tá achoimre ar thorthaí airgeadais na cuideachta sealbhaíochta agus a fochuideachtaí taispeánta i nóta 1.
Is €29,381,000 a bhí i mbarrachas na cuideachta sealbhaíochta don bhliain tar éis brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe.

## 11 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | 1ú Ean. €000 | Ath-ranguithe €000 | Breisithe €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Costas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 817,426 | - | 84,080 | - | 901,506 |
| Maoiniú faighte do línte agus oibreacha iarnróid | (588,912) | - | (55,696) | - | (644,608) |
| Stoc rollta iarnróid | 651,058 | - | 100,314 | (759) | 750,613 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 435,209 | - | 27,930 | (27,476) | 435,663 |
| Feithiclí lastais bóthair | 7,035 | - | - | (207) | 6,828 |
| Talamh agus foirgnimh | 284,086 | - | 67,855 | - | 351,941 |
| Gléasra agus innealra | 451,851 | 199 | 72,412 | (5,928) | 518,534 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 43,115 | | 822 | - | 43,937 |
| Obair chaipitil ar siúl | 199 | (199) | 8,170 | - | 8,170 |
| **Iomlán 2004** | 2,101,067 | - | 305,887 | (34,370) | 2,372,584 |

| | 1ú Ean. €000 | Ath-ranguithe €000 | Muirear don Bhliain €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 762,762 | - | 58,904 | - | 821,666 |
| Maoiniú faighte do línte agus oibreacha iarnróid | (588,912) | - | (55,696) | - | (644,608) |
| Stoc rollta iarnróid | 212,509 | - | 33,864 | (759) | 245,614 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 242,575 | - | 37,312 | (26,852) | 253,035 |
| Feithiclí lastais bóthair | 6,178 | - | 288 | (207) | 6,259 |
| Talamh agus foirgnimh | 12,856 | - | 5,370 | - | 18,226 |
| Gléasra agus innealra | 178,164 | - | 29,737 | (5,908) | 201,993 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 10,402 | - | 873 | - | 11,275 |
| **Iomlán 2004** | 836,534 | - | 110,652 | (33,726) | 913,460 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 11 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

| | 31ú Nol. 2004 €000 | 31ú Nol. 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 79,840 | 54,664 |
| Stoc rollta iarnróid | 504,999 | 438,549 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 182,628 | 192,634 |
| Feithiclí lastais bóthair | 569 | 857 |
| Talamh agus foirgnimh | 333,715 | 271,230 |
| Gléasra agus innealra | 316,541 | 273,687 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 32,662 | 32,713 |
| Obair chaipitil ar siúl | 8,170 | 199 |
| **Iomlán** | 1,459,124 | 1,264,533 |

| | 1ú Ean. €000 | Breisithe €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | | | | |
| **Costas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 284,086 | 67,147 | - | 351,233 |
| Gléasra agus innealra | 27,926 | 1,348 | (50) | 29,224 |
| **Iomlán 2004** | 312,012 | 68,495 | (50) | 380,457 |

| | 1ú Ean. €000 | Muirear don bhliain €000 | Draimh agus Diúscairtí €000 | 31ú Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 12,856 | 5,370 | - | 18,226 |
| Gléasra agus innealra | 17,876 | 3,230 | (35) | 21,071 |
| **Iomlán 2004** | 30,732 | 8,600 | (35) | 39,297 |

| | 31ú Nol. 2004 €000 | 31ú Nol. 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Talamh agus foirgnimh | 333,007 | 271,230 |
| Gléasra agus innealra | 8,153 | 10,050 |
| **Iomlán** | 341,160 | 281,280 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 11 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (AR LEANÚINT)

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, tá an bunús cuntasaíochta d'athnuachan línte agus oibreacha iarnróid le creidiúnú in aghaidh chostas breisithe ar an líonra iarnróid.

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Is mar seo a leanas atá caiteachas athnuachana agus deontais ghaolmhara:** | | |
| Caiteachas athnuachana | **78,670** | 116,016 |
| Deontais Stáit | **47,291** | 91,873 |
| Deontais AE | **8,405** | 21,749 |
| | **55,696** | 113,622 |

(b) Rinneadh lándímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ag costas de €13,968,000 (2003 - €21,782,000) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Is mar seo a leanas atá saol úsáideach ionchasach na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 40 |
| Stoc rollta iarnróid | 15 to 20 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 to 14 |
| Feithiclí lastais bóthair | 6 to 10 |
| Gléasra agus innealra | 3 to 35 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 50 |

(d) San áireamh sna sócmhainní inláimhsithe tá méideanna, faoi mar atá luaite thíos, i ndáil le hinnill traenach a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, lena bhfuil na rioscaí agus luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht sócmhainne, seachas an teideal dlíthiúil, go substaintiúil ag an gcuideachta:

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costas** | **88,270** | 87,924 |
| Dímheas carntha | **(37,138)** | (32,180) |
| **Glanluach leabhair amhail an 31ú Nollaig** | **51,132** | 55,744 |
| **Dímheas don bhliain** | **(4,958)** | (4,944) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |

## 11 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar leanúint)

(e) San áireamh sna breisithe thuas tá íocaíochtaí ar chuntas i ndáil le sócmhainní, mar atá leagtha amach thíos, nach raibh fós i mbun seirbhíse:

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Stoc rollta iarnróid | **158,147** | 113,327 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | **16** | 55 |
| | **158,163** | 113,382 |

(f) Áirítear ar shócmhainní seasta inláimhsithe sócmhainní bonneagair iarnróid mar a leanas:

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **606,970** | 523,980 |
| Dímheas carntha | **(286,792)** | (269,047) |
| Glanluach leabhair amhail 31ú Nollaig | **320,178** | 254,933 |
| Dímheas don bhliain *(nóta 2)* | **(17,745)** | (12,902) |

## 12 SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| | **Infheistíochtaí trádála** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Scaireanna Liostaithe** | | **Scaireanna nach bhfuil liostaithe** | | **Iomlán** | |
| | **2004** | 2003 | **2004** | 2003 | **2004** | 2003 |
| **Grúpa** | **€000** | €000 | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Costas nó luacháil | **97** | 97 | **13** | 13 | **110** | 110 |
| Foráil do lagú buan i luach | **(77)** | (77) | **(13)** | (13) | **(90)** | (90) |
| **Glanmhéideanna leabhair amhail an 31ú Nollaig** | **20** | 20 | **-** | - | **20** | 20 |

| | **Fochuideachtaí** | | | **Infheistíochtaí trádála** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | **Scaireanna nach bhfuil liostaithe €000** | **Iasachtaí €000** | **Léasanna Airgeadais €000** | **Scaireanna liostaithe €000** | **Scaireanna nach bhfuil liostaithe €000** | **Iomlán €000** |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| **Amhail an 1ú Eanáir, 2004** | **90,151** | **167,066** | **54,259** | **34** | **13** | **311,523** |
| Lúide: Laghdú i | | | | | | |
| - léasanna airgeadais | | | **(4,902)** | | | **(4,902)** |
| - Iasacht | | **(500)** | | | | **(500)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2004** | **90,151** | **166,566** | **49,357** | **34** | **13** | **306,121** |
| Foráil do lagú buan i luach | | | | | | |
| Amhail an 31ú Nollaig, 2004 | **-** | | | **(34)** | **(13)** | **(47)** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2004** | **90,151** | **166,566** | **49,357** | **-** | **-** | **306,074** |

Seasann iasachtaí leis na fochuideachtaí do na glansócmhainní arna sannadh chuig Iarnród Éireann - Irish Rail ag Córas Iompair Éireann lúide an scairchaipiteal eisithe ar a bhunú tar éis atheagrú Chóras Iompair Éireann i 1987 agus an iasacht téarma i gcomhair busanna scoile do Bhus Éireann - Irish Bus.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 13 | STOIC | | |
| | **Grúpa** | | |
| | Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **22,220** | 20,993 |
| | Stoic bhuneagair | **11,319** | 17,511 |
| | Breosla, bealadh agus stoic éagsúla | **6,139** | 6,254 |
| | | **39,678** | 44,758 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha.

| | | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|---|
| 14 | FÉICHIÚNAITHE | | |
| | **Grúpa** | | |
| | Féichiúnaithe trádála | **17,498** | 17,236 |
| | An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **5,200** | 6,071 |
| | Tionscadal LRT | **278** | 501 |
| | Deontais AE infhaighte | **51,401** | 50,273 |
| | Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **19,292** | 18,091 |
| | | **93,669** | 92,172 |
| | **Cuideachta** | | |
| | Féichiúnaithe trádála | **1,270** | 827 |
| | Tionscadail infheistíochta NDP Iarnród Éireann arna maoiniú ag CIÉ | **94,667** | - |
| | Tionscadal LRT | **278** | 501 |
| | Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **3,521** | 6,132 |
| | | **99,736** | 7,460 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004<br>€000 | 2003<br>€000 |
|---|---|---|
| **15 CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| **Grúpa** | | |
| Rótharraingt bainc | **24,758** | 12,418 |
| Iasachtaí Bainc *(nóta 17)* | **83,436** | 78,460 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **4,262** | 4,528 |
| Creidiúnaithe trádála | **79,531** | 72,377 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **8,624** | 6,051 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibneasa | **7,928** | 6,164 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **3,183** | 6,863 |
| Creidiúnaithe eile | **19,991** | 14,864 |
| Forálacha athstruchtúrtha *(nóta 18)* | **24,968** | 22,948 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **64,602** | 53,620 |
| Fabhruithe | **34,447** | 36,032 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 18)* | **22,973** | 21,691 |
| | **378,703** | 336,016 |
| **Creidiúnaithe do chánachas agus do leas sóisialach san áireamh thuas** | **19,735** | 19,078 |
| **Cuideachta** | | |
| Rótharraingt bainc | **436** | 2,195 |
| Iasachtaí Bainc *(nóta 17)* | **83,436** | 78,460 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **4,262** | 4,528 |
| Creidiúnaithe trádála | **2,578** | 2,879 |
| Méideanna dlite do na fochuideachtaí | **212,792** | 181,107 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **315** | (248) |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | **231** | (62) |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **2,065** | 1,446 |
| Creidiúnaithe eile | **13,600** | 7,859 |
| Forálacha athstruchtúrtha | **672** | 991 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **3,333** | 2,594 |
| Fabhruithe | **16,905** | 15,387 |
| | **340,625** | 297,136 |
| **Creidiúnaithe do chánachas agus do leas sóisialach san áireamh thuas** | **2,611** | 1,136 |
| **16 CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)** | | |
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Iasachtaí Bainc *(nóta 17)* | **1,000** | 7,849 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **39,007** | 43,269 |
| Cáin bhreisluacha do-athfhála ar léásanna airgeadais | **5,488** | 5,815 |
| | **45,495** | 56,933 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

17 IASACHTAÍ BAINC

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Tá na hiasachtaí seo iníoctha mar a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 15)* | **83,436** | 78,460 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **500** | 6,849 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **500** | 1,000 |
| | **1,000** | 7,849 |
| **Iomlán** | **84,436** | 86,309 |

Comhlíonann cur i láthair na hanailíse aibíochta ar iasachtaí agus fiach eile thuasluaite forálacha Ionstraimí Caipitil FRS 4. Éilíonn an caighdeán gur chóir aibíocht an fhéich a chinneadh trí thagairt don dáta is luaithe is féidir leis an iasachtóir aisíoc a éileamh. San áireamh sna méideanna is iníoctha laistigh de bhliain amháin tá suim de €76,588,000 (2003 - €76,689,000) a bhaineann le Irish Commercial Paper a fuair cúltaca ó shaoráidí tiomanta meántéarma a shíníonn go héifeachtach aibíocht na n-ionstraimí sin.

Thug an Aire Airgeadais rathaíocht do €82,936,000 de na hiasachtaí thuas.

18 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | Forálacha Athstruchtúraithe €000 | Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra €000 | IOMLÁN €000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2004 | 22,595 | 180,410 | 203,005 |
| In úsáid i rith na bliana | (14,841) | (18,191) | (33,032) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | 17,214 | 37,074 | 54,288 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh 31 Nollaig, 2004** | 24,968 | 199,293 | 224,261 |
| **Taispeáinte mar:** | | | |
| **Dliteanais reatha** *(nóta 15)* | 24,968 | 22,973 | 47,941 |
| **Méideanna le híoc tar éis breis is bliain amháin** | - | 176,320 | 176,320 |
| | 24,968 | 199,293 | 224,261 |
| **Cuideachta** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáír, 2004 | 991 | - | 991 |
| In úsáid i rith na bliana | (319) | - | (319) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | - | - | - |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig, 2004** | 672 | - | 672 |
| **Dliteanais reatha** *(nóta 15)* | (672) | - | (672) |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sna forálacha do dhliteanais agus muirir.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 18 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag an mBord:

(i) Iarnród Éireann – Irish Rail

Dliteanas tríú páirtí os cionn

(a) €5,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iarnróid amháin, agus

(b) €1,500,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,300,000 é.

(ii) Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,300,000 é.

(iii) Bus Éireann – Irish Bus

Dliteanas tríú páirtí os cionn

(a) €1,680,000 do bhusanna scoile, agus

(b) €2,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,300,000 é.

(iv) Grúpa

Dliteanas tríú páirtí os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe ag eascairt as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit ar os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit gur os cionn €250,000 é.

(v) Sa bhreis ar sin, bíonn clúdach ag gach aon cheann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005, do dhliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar choimeád féinárachaithe de:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann – Irish Rail | €11,000,000 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | €15,000,000 |
| Bus Éireann – Irish Bus | €11,000,000 |

faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000.

(vi) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2004 go dtí Márta 2005 do Dhliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile iarnróid agus bóthair.

(vii) Priacail Dóiteáin agus Speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, do mhaoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 agus slánaíocht de €200,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas.

(viii) Is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnród agus stoc rollta bóithre agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile do gach ceann de na caillteanais agus gach caillteanas go hiomlán.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 18 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar leanúint)

**(B) Foráil d'éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra agus gnóthachain ghaolmhara**

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don Ghrúpa. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aige maidir lena thaispeáint éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthar éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón ndliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an Grúpa luachálacha aonair comhad a mbíonn forálacha teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an nGrúpa ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná meastachán an dliteanais d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don Ghrúpa, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar foráil d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain ath-árachaithe sa chás gur féidir meastachán réasúnach a dhéanamh ar ghnóthachain den sórt sin. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an Ghrúpa maidir le aon athárachóirí in athrith.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 19 IONCAM IARCHURTHA

| Grúpa | 1ú Ean. 2004 €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 22,681 | 4,325 | (1,230) | 25,776 |
| Stoc rollta iarnróid | 307,651 | 37,791 | (13,464) | 331,978 |
| Gléasra agus innealra | 168,503 | 49,527 | (11,898) | 206,132 |
| Dugaí, cuanta agus calaí | 14,857 | - | (284) | 14,573 |
| Talamh agus foirgnimh | 129,507 | 37,940 | (2,444) | 165,003 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 89,666 | - | (15,331) | 74,335 |
| | 732,865 | 129,583 | (44,651) | 817,797 |
| **Deontais stáit don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid** | 39,313 | - | (7,862) | 31,451 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,290 | - | (37) | 1,253 |
| **Deontais Ioncaim** | - | 2,756 | (2,756) | - |
| **Iomlán** | 773,468 | 132,339 | (55,306) | 850,501 |

| | 2004 €000 |
|---|---|
| **Taispeáinte mar:** | |
| **Ioncam iarchurtha - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 64,602 |
| **Ioncam iarchurtha - méideanna dlite tar éis bliana amháin** | 785,899 |
| | 850,501 |

| Cuideachta | 1ú Ean. 2004 €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas an Aontas Eorpaigh** | | | | |
| **Deontas Caipitiúil** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 129,507 | 37,701 | (2,444) | 164,764 |
| Deontas bonneagar NDP (I.T.) | 2,008 | 381 | (511) | 1,878 |
| Ioncam iarchurtha eile | 30 | - | (2) | 28 |
| **Iomlán** | 131,545 | 38,082 | (2,957) | 166,670 |

| | 2004 €000 |
|---|---|
| **Taispeáinte mar:** | |
| **Ioncam iarchurtha - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 3,333 |
| **Ioncam iarchurtha - méideanna dlite tar éis bliana amháin** | 163,337 |
| | 166,670 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | 2004<br>€000 | 2003<br>€000 |
|---|---|---|
| **20 RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I GCÚLCHISTÍ** | | |
| **Grúpa** | | |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis deontais Stáit | **20,451** | (4,012) |
| Cúlchistí tosaigh | **188,158** | 192,170 |
| **Cúlchistí deiridh** | **208,609** | 188,158 |
| **Cuideachta** | | |
| Barrachas don bhliain | **29,381** | 6,474 |
| Cúlchistí tosaigh | **170,357** | 163,883 |
| **Cúlchistí deiridh** | **199,738** | 170,357 |

## 21 CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAR SÓCMHAINNÍ

| | Stoc Rollta Iarnróid<br>€000 | Feithiclí Paisinéirí Bóthair<br>€000 | Iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus 2003 | 135,806 | 101,504 | 237,310 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 22 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig**

| | 2004 €000 | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnaimh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh dheontais Stáit | **(268,568)** | (261,220) |
| Deontais Stáit | **266,886** | 260,895 |
| | **(1,682)** | (325) |
| Dímheas | **110,652** | 103,317 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(52,548)** | (41,723) |
| Laghdú i stoic | **5,080** | 4,216 |
| Laghdú i bhfeichiúnaithe do dheontais ioncaim AE | **8,848** | 15,371 |
| (Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe | **(368)** | 6,261 |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **32,741** | 31,621 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **102,723** | 118,738 |
| **(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid** | | |
| **Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | | |
| Ús faighte | **123** | 117 |
| Ús íoctha | **(1,844)** | (4,092) |
| An mhír úis ar íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | **(3,132)** | (3,382) |
| Deontas Stáit - ús DART | **900** | 1,581 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid do thorthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | **(3,953)** | (5,776) |
| **Caiteachas caipitil agus infheistiú airgeadais** | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | **(367,405)** | (400,685) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | **31,742** | 25,806 |
| Deontais chaipitil Stáit agus AE | **175,298** | 395,369 |
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid do chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | **(160,365)** | 20,490 |
| **Airgeadú** | | |
| Aisíoc ar fhiach dlite laistigh de bhliain amháin | **(78,461)** | (139,459) |
| Iasachtaí nua | **76,588** | 76,689 |
| An mhír chaipitil ar íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | **(4,528)** | (4,804) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó airgeadú** | **(6,401)** | (67,574) |

**(C) Anailís ar ghlanfhiach**

| | Amhail an 1ú Ean. 2004 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31ú Nol. 2004 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 58,191 | (55,656) | 2,535 |
| Rótharraingtí Bainc | (12,418) | (12,340) | (24,758) |
| | | (67,996) | |
| Fiach dlite tar éis bliana amháin | (7,849) | 6,849 | (1,000) |
| Fiach dlite laistigh de bhliain amháin | (78,460) | (4,976) | (83,436) |
| Léasanna airgeadais | (47,797) | 4,528 | (43,269) |
| | | 6,401 | |
| **Iomlán** | (88,333) | (61,595) | (149,928) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 23 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe an Ghrúpa rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh. Infheistítear ranníocaí ón mBord, óna fhochuideachtaí agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe.

Rinneadh athbhreithniú achtúireach an 31ú Nollaig 2002. Is €1,094,800,000 a bhí i luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ag an dáta sin agus bhí sin níos mó ná 100% de na sochair a bhí tabhaithe chuig comhaltaí bunaithe ar sheirbhís do dháta an athbhreithnithe agus pá inphinsin ag dáta an athbhreithnithe. Tar éis pá amach anseo agus méaduithe pinsin bhí an leibhéal maoinithe 100% i leith na Scéime Pá Rialta Foirne agus 90% i leith na Scéime Aoisliúntais 1951.

Is é an príomhrud ar glacadh leis san athbhreithniú seo ná go sáródh na torthaí infheistíochta an ráta méadaithe i luach saothair inphinsin agus ráta na bpinsean in íocaiocht trí 2.5% in aghaidh na bliana. Tá tuarascálacha achtúireacha ar fáil do chomhaltaí na scéime ach ní chuirtear ar fáil don phobal iad.

Is €30,494,000 (2003 - €24,419,000) costas na bpinsean do 2004.

**Nochtadh pinsin FRS 17**

Tá an nochtadh breise nach mór a dhéanamh mar gheall ar shocruithe idirthréimhseacha FRS17 i ndáil le pleananna sochair sainmhínithe an Ghrúpa leagtha amach thíos.

**Boinn Tuisceana Airgeadais**

Mórbhoinn tuisceana:

| Dáta | **31ú Nol. 2004** | 31ú Nol. 2003 |
|---|---|---|
| | **% p.a.** | % p.a. |
| Ráta lascaine | **4.50** | 5.20 |
| Boilsciú | **2.25** | 2.25 |
| Méaduithe pinsin | **3.50** | 3.75 |
| Méaduithe tuarastail | **3.50** | 3.75 |

**SÓCMHAINNÍ NA SCÉIME**

Ba é ráta fadtéarma ionchasach an toraidh ar shócmhainní na bpleananna sainmhínithe sochair ná:

| | **Ráta Fad-Téarma Toraidh Ionchasach ag an 31ú Nol. 2004 % p.a.** | **Luach ag an 31ú Nol. 2004 € milliún** | Ráta Fad-Téarma Toraidh Ionchasach ag an 31ú Nol. 2003 % p.a. | Luach ag an 31ú Nol. 2003 € milliún |
|---|---|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | **7.26** | **766** | 7.50 | 708 |
| Maoin | **6.26** | **130** | 6.50 | 121 |
| Bannaí | **4.26** | **271** | 4.50 | 250 |
| Airgead Tirim | **2.00** | **20** | 2.00 | 16 |
| **Luach iomlán margaidh na sócmhainní** | | **1,187** | | 1,095 |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 23 PINSIN (AR LEANÚINT)

Rinneadh na méideanna seo a leanas ag an 31ú Nollaig, 2004 agus an 31ú Nollaig, 2003 a thomhas de réir cheanglais FRS 17.

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Luach margaidh iomlán na sócmhainní | **1,187,200** | 1,094,800 |
| Luach láithreach na ndliteanas scéime | **(1,474,200)** | (1,286,700) |
| Easnamh sa scéim | **(287,000)** | (191,900) |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar | **-** | - |
| **Glandliteanas pinsin amhail an 31ú Nollaig** | **(287,000)** | (191,900) |

Dá mbeadh na méideanna thuas aitheanta sna ráitis airgeadais, is mar seo a leanas a bheadh na glansócmhainní agus an cúlchiste brabúis agus caillteanais amhail an 31ú Nollaig, 2004 agus 2003.

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€ milliún** | € milliún |
| Glansócmhainní gan sócmhainn phinsin san áireamh | **208.61** | 188.16 |
| Dliteanas pinsin | **(287.00)** | (191.90) |
| **Glandliteanas le sócmhainn phinsin san áireamh** | **(78.39)** | (3.74) |
| | | |
| Cúlchiste brabúis agus caillteanais gan sócmhainn phinsin san áireamh | **(69.77)** | (90.22) |
| Cúlchiste pinsin | **(287.00)** | (191.90) |
| **Cúlchiste brabúis agus caillteanais le dliteanas pinsin san áireamh** | **(356.77)** | (282.12) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

23 PINSIN (ar leanúint)

Bheadh na méideanna seo a leanas aitheanta sna ráitis feidhmíochta do na blianta dar chríoch an 31ú Nollaig, faoi cheanglais FRS 17.

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| **Brabús Oibríochta** | | |
| Costas seirbhíse reatha | **29,200** | 30,000 |
| Costas seirbhíse san am a caitheadh | **2,100** | 2,400 |
| **Muirear iomlán oibríochta** | **31,300** | 32,400 |
| | | |
| Ioncam airgeadais eile | | |
| Ráta ionchasach toraidh ar shócmhainní scéime pinsin | **71,900** | 63,700 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | **(69,200)** | (66,400) |
| | **2,700** | (2,700) |
| | | |
| **Anailís ar an méid aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta (STRGL)** | | |
| Toradh iarbhír lúide an toradh ionchasach ar shócmhainní scéime pinsin | **30,700** | 56,600 |
| Caillteanais taithí ag eascairt ar dhliteanais scéime | **(20,700)** | (47,900) |
| Athruithe i mboinn tuisceana faoi luach reatha na ndliteanas scéime | **(104,100)** | 31,100 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta in STRGL | **(94,100)** | 39,800 |
| | | |
| **Anailís ar ghluaiseacht in easnamh i rith na bliana** | | |
| Easnamh sa scéim ag tús na bliana | **(191,900)** | (220,400) |
| Costas seirbhíse reatha | **(29,200)** | (30,000) |
| Ranníocaí fostóra | **27,600** | 23,800 |
| Costais seirbhíse san am a caitheadh | **(2,100)** | (2,400) |
| Ioncam airgeadais eile | **2,700** | (2,700) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach | **(94,100)** | 39,800 |
| **Easnamh sa scéim ag deireadh na bliana** | **(287,000)** | (191,900) |

| **Taithí gnóthachan agus caillteanais don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig** | **2004** | 2003 | 2002 |
|---|---|---|---|
| Difríocht idir an toradh ionchasach agus an toradh iarbhír ar na sócmhainní scéime: | | | |
| ■ Méid (€000) | **30,700** | 56,600 | (328,300) |
| ■ Céadatán na sócmhainní scéime | **2.6%** | 5.2% | (33.3%) |
| Taithí caillteanais ar dhliteanais scéime: | | | |
| ■ Méid (€000) | **(20,700)** | (47,900) | (49,200) |
| ■ Céatadán luach láithreach na ndliteanas scéime | **(1.4%)** | (3.7%) | (4.1%) |
| Méid iomlán aitheanta in STRGL: | | | |
| ■ Méid (€000) | **(94,100)** | 39,800 | (300,800) |
| ■ Céatadán de luach láithreach na ndliteanas scéime | **6.4%** | 3.1% | (24.9%) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

| | | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| 24 | TIOMANTAIS CHAIPITIL | | |
| | Ar chonradh do | **427,403** | 215,637 |
| | Údaraithe ag an mBord, ach gan a bheith ar chonradh do | **237,367** | 217,411 |
| | | **664,770** | 433,048 |

Ceadaíodh deontais chaipitiúil de €538.8 milliún ar an iomlán i ndáil leis an gcaiteachas thuas (2003 - €271.7 milliún).

## 25 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlithíocht ar Feitheamh**

Bíonn an Grúpa, ó thráth go chéile, ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim an Bhoird nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

**Léasanna Airgeadais**

Faoi théarmaí na léasanna airgeadais tá dliteanais theagmhasacha ann lena bhfritháirítear athruithe ábhartha i gcánachas a bhfuil tionchar acu ar dhliteanas cánach an léasóra ar ioncam léasa trí choigeartuithe cuí ar chíosanna léasa.

**Litreacha creidmheasa**

Faoi socruithe léasa a bhaineaann le stoc rollta iarnróid tá oibleagáidí áirithe ar an mBord don léasóir a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás luathfhoirceannadh socruithe. Ta na hoibleagáidí sin clúdaithe ag litreacha creidmheasa a shlánaíonn an Bord. Ní bhítear ag súil go n-eascróidh aon dliteanas i ndáil leis an tslánaíocht sin.

**Deontais infhaighte**

Tá gach iarratas ar dheontas chuig an AE faoi réir dhianphróiseas iniúchta. Mar chuid den phróiseas tá roinnt ceisteanna ardaithe mar chuid den phróiseas ag Tuarascáil Iniúchta amháin maidir le tionscadal amháin nach raibh réitithe ag dáta an Chláir Chomhardaithe agus ní mheastar go mbeidh siad réitithe go hiomlán go dtí deireanach in 2005.

Tá an Grúpa muiníneach go bhfuil sé ag comhlíonadh nósanna imeachta AE ach go dtí go mbeidh an tuarascáil chríochnaitheach ar fáil d'fhéadfadh sé go bhfuil roinnt eilimintí caiteachais ann atá éilithe go dáta a mheasfar a bheith neamhincháilithe agus faoi na himthosca sin d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt deontas a fuarthas go dáta inaisíoctha.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 26 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

**(A) Léasanna Airgeadais**

| | **2004 €000** | 2003 €000 |
|---|---|---|
| Tá glanoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 15)* | **4,262** | 4,528 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **18,474** | 18,554 |
| Tar éis cúig bliana | **20,533** | 24,715 |
| | **39,007** | 43,269 |
| **Iomlán** | **43,269** | 47,797 |

Thug an tAire Airgeadais rathaíocht iomlán do na léasanna airgeadais thuas.

**(B) Léasanna oibríochta**

Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas:

| | **Ar nithe eile seachas Talamh agus Foirgnimh €000** |
|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **2,072** |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **3,009** |
| | **5,081** |

## 27 IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ PÁIRTITHE GAOLMHARA

**(A) Úinéireacht na cuideachta**

Is comhlacht reachtúil é CIÉ a socraíodh faoin Acht Iompair, 1950. Is iad an Rialtas agus an tAire Iompair a cheapann comhaltaí an Bhoird agus stiúrthóir na n-oibrithe tar éís toghcháin.

**(B) Soláthar seirbhísí d'eintitéis faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann**

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí iompair iarnróid agus bóthair ina ghnáthchúrsa gnó do ranna Rialtais agus d'eintitéis faoi rialú Rialtas na hÉireann, is iad an príomhchinn díobh sin ná an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Coillte, Aer Lingus agus An Post. Is €151.7 milliún an t-ioncam ó na seirbhísí sin in 2004 agus is €9.2 milliún ar an iomlán a bhí i méideanna dlite ó na heintitéis sin don Ghrúpa an 31ú Nollaig, 2004 do na seirbhísí sin.

**(C) Ceannach seirbhísí ó eintitéis faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann**

Ina ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an Grúpa seirbhísí ó eintitéis faoi rialú Rialtas na hÉireann, agus is iad na príomhchinn díobh sin ná Aer Lingus, BSL agus na Great Southern Hotels. Is €8.5 milliún a bhí sa chaiteachas ar na seirbhísí sin in 2004 agus is €0.3 milliún ar an iomlán a bhí dlite do na hintitéis sin ag an nGrúpa an 31ú Nollaig, 2004 ar na seirbhísí sin.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 28 COMHALTACHT AN GHRÚPA

| **Ainm** | **Príomhghníomhaíocht** |
|---|---|
| An Chuideachta Shealbhaíochta: | |
| Córas Iompair Éireann | Seirbhísí iompair phoiblí |
| **Fochuideachtaí** (iad uile faoi lánúinéireacht) | |
| Iarnród Éireann - Irish Rail | Iarnród Poiblí (paisinéirí agus lastas) agus seirbhísí lastais bóthair |
| Bus Éireann - Irish Bus | Seirbhísí poiblí paisinéirí bus |
| Bus Átha Cliath - Dublin Bus | Seirbhísí poiblí paisinéirí bus |
| CIE Tours International Incorporated | Turais |
| Dubel Limited | Seirbhísí Lónadóireachta |

Tá Iarnród Éireann - Irish Rail, Bus Éireann - Irish Bus agus Bus Átha Cliath - Dublin Bus corpraithe agus oibríonn siad go príomha i bPoblacht na hÉireann. Tá na trí chuideachta corpraithe faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963-2003, mar fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht Chóras Iompair Éireann de réir Alt 6 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Is gnáth-scairchaipiteal atá i leasanna an Ghrúpa ar fad sna fochuideachtaí.

Tá CIE Tours International corpraithe i Nua Eabhrac agus oibríonn i Meiriceá Thuaidh.

Tá Dubel Limited corpraithe i dTuaisceart Éireann áit a soláthraíonn sé seirbhísí lónadóireachta d'Iarnróid Thuaisceart Éireann lena n-áirítear traenacha trasteorann.

Is mar seo a leanas atá oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann - Irish Rail | Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1. |
| Bus Éireann - Irish Bus | Cloch Leathan, Baile Átha Cliath 7. |
| Bus Átha Cliath - Dublin Bus | 59, Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. |
| CIE Tours International Incorporated | 10 Park Place, Suite 510<br>P.O. Box 1965, Morristown NJ 07962 - 1965. |
| Dubel Limited | An Stáisiún Láir,<br>Sráid an Droichid Thoir, Béal Feirste. |

## 29 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais 6ú Aibreán, 2005.

# Athbhreithniú Oibríochtaí


## Torthaí an Ghrúpa

Is é an toradh iomlán d'oibríochtaí an Ghrúpa do 2004 ná barrachas de €20.5 milliún i gcomparáid le heasnamh de €4 mhilliún in 2003:

| | **2004** | 2003 |
|---|---|---|
| | **€ milliún** | € milliún |
| Ioncam | **683.5** | 661.9 |
| Deontais Stáit | **267.8** | 262.5 |
| Iomlán | **951.3** | 924.4 |
| | | |
| Costais a bhaineann le pá-rolla | **517.4** | 493.0 |
| Costais oibríochta eile | **434.7** | 430.2 |
| Costais Airgeadais | **4.0** | 6.2 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(25.3)** | (0.8) |
| Gnóthachan ar airgeadra coigríche | **-** | (0.2) |
| Iomlán | **930.8** | 928.4 |
| Barrachas/(easnamh) | **20.5** | (4.0) |

## Ioncam

Mhéadaigh ioncam ó chustaiméirí €21.6 milliún, le Bus Éireann ag taispeáint an mhéadaithe ba mhó ag €7.9 milliún agus ina dhiaidh sin Bus Átha Cliath ag €4.6 milliún, Iarnród Éireann €2.3 milliún agus an chuideachta shealbhaíochta ag taispeáint méadú de €6.8 milliún. Tagann an méadú in ioncam ó leibhéil seirbhíse méadaithe arna sholáthar ag na cuideachtaí oibríochta agus arduithe i bpraghsanna.




## Deontais Stáit

Mhéadaigh na deontais Stáit a bhí iníoctha do sholáthar seirbhísí iompair phoiblí go dtí €267.8 milliún, méadú de €5.3 milliún. Áirítear ar na deontais sin €10.6 milliún don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid (2003 - €17.5 milliún).

Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa maoiniú Státchiste de €146.4 milliún faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus €2.5 milliún i ndeontais tacaíochta ioncaim eile a cuireadh chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais.

Tá nóta ag déanamh anailíse ar a n-ioncam agus a gcaiteachas iomlán thar ghníomhaíochtaí sóisialta agus tráchtála ag teacht le prionsabail Threoir 2000/52/EC ó Choimisiún an AE curtha isteach sna nótaí do na ráitis airgeadais ag na trí chuideachta oibríochta, Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.

## Costais Oibríochta Eile

Mhéadaigh costais phá-rolla €24.4 milliún de bharr dámhachtainí pá den chuid is mó faoin gClár Ag Coinneáil an Dul chun Cinn agus costais mhéadaithe pinsin.

Áirítear ar an €434.7 milliún de chostais oibríochta €19.2 milliún do chostais oibríochta eisceachtúla in Iarnród Éireann.

## Grúpchuideachtaí

*Tá athbhreithnithe mionsonraithe oibríochtaí d'Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann i dTuarascálacha Bliantúla ar leithligh gach ceann de na cuideachtaí san áireamh sa Dlúthdhiosca seo i dteannta le Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ.*

# Athbhreithniú Oibríochtaí

## Seirbhísí Ghrúpa CIÉ

### CIE Tours International

Lean CIE Tours International dá fheidhmíocht bhrabúsach le blianta beaga anuas agus ba iad na torthaí ó shéasúr turasóireachta 2004 ba rathúla ón tréimhse roimh an 11ú Meán Fómhair 2000. D'fhás CIE Tours International ollthuilleamh ioncaim go dtí €55.9 milliún i 2004, méadú 14% ar an mbliain roimhe sin.

De bhrí nach raibh aon mhórtharluithe idirnáisiúnta i 2004 bhí níos mó muiníne i dtaisteal idirnáisiúnta ar fud an domhain. Chabhraigh sé sin go mór chun gnó a fháil as Stáit Aontaithe Mheiriceá. Mheath gluaiseacht shuntasach ar luach dollar na Stát Aontaithe luachanna ioncaim euro ach d'éirigh le CIE Tours bainistiú a dhéanamh go rathúil ar a nochtadh suntasach malartaithe coigríche.

Baineadh amach an fás in ioncam trí fhógraíocht ghéar, cur chun cinn agus tógáil branda go háirithe i margadh Mheiriceá Thuaidh, áit ar facthas Éire mar cheann scríbe sábháilte.

D'aithin an tionscal turasóireachta cumas leanúnach CIE Tours a tháirgí a dhíol sa mhargadh agus mar thoradh air sin bhuaigh sé mórghradaim i 2004, eadhon, 'The Icons of Scotland' don oibritheoir turas cóistí is fearr in Albain agus 'Best Coach Tour Company' arna vótáil ag Cumann Gníomhairí Taistil na hÉireann.

D'éirigh go han-mhaith le croíghnó CIE Tours, is é sin turais cóistí in Éirinn, áit ar mhéadaigh an líon paisinéirí 28% os cionn 2003. Baineadh leibhéil mhaithe brabúis amach trí bhainistiú éifeachtach fágáil agus lódáil cóistí.

I mbaint amach na rathúlachta cheannaigh CIE Tours os cionn 400,000 oíche leapa i 2004. Bhí na hoícheanta leapa sin scaipthe ar fud oileán na hÉireann, ag tabhairt gnó a raibh gá mór leo chuig ceantair thuaithe.

Faoi mar ab amhlaidh le soláthróirí turasóireachta Éireannacha eile d'airigh CIE Tours i 2004 friotaíocht praghas ó fhormhór na gceann scríbe Eorpach áit ar ghníomhaigh custaiméirí i leith na leibhéil arda costas a measadh a bheith




*CIE Tours – vótáilte ag Cumann Gníomhairí Taistil na hÉireann mar an "Best Coach Tour Company"*

in Éirinn. Mar thoradh air sin, chinn CIE Tours a oibríochtaí san Eoraip a réasúnú agus bhain sé laghduithe costais amach i rith na bliana.

### Maoin an Ghrúpa

Bhí bliain den scoth ag Rannán Maoine CIÉ. Fuarthas €22.5 milliún ar dhíol láithreáin na Cabraí.

D'ardaigh ioncam ó chíos 19.6% go dtí €13.6 milliún in 2004. Ar nithe suntasacha a chur leis an toradh sin bhí táille chead slí agus costais bhreise ó ESAT BT de €1.16 milliún tar éis comhaontú ar íocaíochtaí breise i ndáil le bealaí cáblaí snáithín optaigh.

Tá an rannán ag obair i láthair na huaire ar mhórthionscadail i mBaile Átha Cliath (Duga Spencer agus Sráid na Bearú); i gCorcaigh (Stáisiún Kent), san Fhaiche Mhór i nGaillimh agus i bPort Laoise thar ceann na bhfochuideachtaí.

Leanann an Rannán Maoine de bheith ag cur comhairle ghairmiúil ar fáil do thionscadail bonneagair éagsúla Iarnród Éireann, m.sh. síneadh le DART, dúnadh crosairí comhréidh agus uasghrádú ar líne Chill Dara etc. Go háirithe, tá tús curtha le clár rollta chun talamh barrachais a fuarthas don Tionscadal Crosairí Comhréidh a dhiúscairt.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

### An Gréasán Fógraíochta Ríomhaire (CAN)

Is é an toradh a bhí ar athfhorbairt an bhonneagair bus agus ráille agus go háirithe an tionscadal uasghrádaithe DART (feabhsú bruachbhailte) ná gur chaill an CAN láithreáin luachmhara agus straitéiseacha fógraíochta. Táthar a súil go leanfaidh an staid sin i rith 2005.

Chun an gnó a fhás agus chun cúiteamh do chailleadh ioncaim fógraíochta, tá CAN páirteach go gníomhach i bhforbairt agus i gcruthú deiseanna nua meán ar ghléasra seasta agus soghluaiste. Tá tiontú na dtaispeántas fógraíochta mór aonair go dtí taispeántais "Trivision" ar siúl faoi láthair, ag forbairt formáidí nua ar chonairí comaitéara iarnróidh an tuaiscirt agus an iarthair agus ag méadú an fháil atá ar fhrámaí fógraíochta busanna cathrach.

Thaifead CAN brabús de €5.9 milliún don bhliain 2004 agus tá sé leagtha amach ar leanúint de bhrabúis a mhéadú chomh mór agus is féidir do CIÉ agus dá cuideachtaí oibríochta leis an tionchar is lú ar sheirbhísí.

## Saincheisteanna Corparáideacha

### Fostaíocht

Is 11,972 an líon daoine a bhí fostaithe ag CIÉ ag deireadh 2004, laghdú de 25 i gcomparáid le 2003.

### Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomhshócmhainn CIÉ ná an fhoireann. Is é beartas an Ghrúpa an tsócmhainn sin a úsáid a mhéid is féidir trí chultúr obair foirne agus rannpháirteach a fhorbairt go forchéimeach tríd an nGrúpa. Spreagtar an fhoireann le bheith rannpháirteach i rith an Ghrúpa trína bheith páirteach go gníomhach i bhfoirne tionscadail, páirtithe oibre agus tionscnaimh feabhsúcháin seirbhíse atá dírithe ar an gcustaiméir. Foráltar do cheithre stiúrthóir oibrithe ar Bhord CIÉ.

### Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa de bheith ag coinneáil deiseanna chun comhionannas san áit oibre a fheabhsú do na grúpaí ar fad atá clúdaithe ag an reachtaíocht Chomhionannais faoi athbhreithniú. Coinnítear an raon tionscnamh Cóimheá Oibre-Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun a chleachtais agus a nósanna imeachta a fhorbairt m.sh. trína bheith ina chomhalta de ghrúpa oibre na hÉagsúlachta san Áit Oibre in IBEC. Bíonn comhchomhairle rialta freisin aige le hionadaithe eagraíochtaí do dhaoine le lagú gluaiseachta chun tosaíochtaí a chruthú d'infheistíochtaí i saoráidí do ghrúpaí den sórt sin.

### Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Tá sábháilteacht na gcustaiméirí agus na bhfostaithe ina chroíluach i nGrúpa CIÉ. I rith 2004 rinne Comhairleach Sábháilteachta an Bhoird athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta gach ceann de na cuideachtaí oibríochta i gcomparáid le pleananna sábháilteachta bliantúla foirmiúla. Stiúir na cuideachtaí roinnt cleachtaí sábháilteachta chun éifeachtach a bhfreagartha i gcás timpiste a thomhas. Tharla an t-athbhreithniú sin mar gheall ar an timpiste i gCé Wellington i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2004.

Lean Comhairleach Sábháilteachta an Bhoird de bheith ag tacú go gníomhach le cláir shábháilteachta gach cuideachta agus spreagann sé an rannpháirtíocht is leithne is féidir i gcur chun cinn sábháilteachta agus timpistí a chosc.

### Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ a fhreagracht ina chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Mhall) 2002. Ba é an beartas íocaíochta ar fud an Ghrúpa in 2004 ná ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh.

### Beartas Fála

Is ann do Bheartas Fála Ghrúpa CIÉ lena chinntiú go gcomhlíontar Treoracha Fála agus Úsáideanna Poiblí ón AE, chomh maith le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh mórán gach fáil os cionn na dtairseach cáilíochta ar thairiscint oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE iad nuair ba chuí.